

**Tuarascáil
Bhliantúil OT
Baile Átha Cliath
2023**

Go Beyond Learning



Clár na nÁbhar

Fáilte ón Uachtarán	5
Achoimre Feidhmiúcháin	6
Sracfhéachaint ar OT Baile Átha Cliath – Príomhfhórais agus Príomhfhigiúirí	10
Rún Straitéiseach 2030 - Domhan Níos Fearr a Chruthú le Chéile	12

1 Daoine

1.1 Meoin Éirimiúla, Chruthaitheacha agus Uaillmhianacha a Chothú	16
1.2 Ag Cruthú Cosán Oideachais do Gach Duine	22
1.3 Áit a Chruthú don tSamhlaíocht & don Inspioráid	26
1.4 A chuireann chun cinn an dúil a bheith rathúil	30
1.5 Ag Ceiliúradh ár nAmbasadóirí	34

2 Domhan

2.1 Bheith inár nEiseamláir don Inbhuanaitheacht	42
2.2 Saoránaigh Dhomhanda Fhreagracha a Chruthú	48
2.3 Dul i nGleic le Dúshláin Dhomhanda	50

3 Partnership

3.1 Eolaíocht Oscailte, Nuálaíocht Oscailte, Oscailte don Domhan	56
3.2 Líonra Dlúth	64
3.3 Dearcadh Domhanda a bheith againn	70
3.4 Éifeachtacht Eagraíochtúil	74

4. Athbhreithniú Cáilíochta Institiúideach	77
5. Ráiteas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	81
6. Ráiteas Inbhuanaitheachta	85
7. Rialachas	89
7.1 Comhlacht Rialaithe	89
7.2 An Chomhairle Acadúil	92
7.3 Ráitis Airgeadais	94



Fáilte ón Uachtarán



Tá cúig bliana imithe thart ó bunaíodh OT Baile Átha Cliath, an chéad ollscoil teicneolaíochta in Éirinn. In 2023, thug muid an chéim thosaigh dár bplean uailmhianach deich mbliana i gcrích, Rún Straitéiseach 2030. Tá clochmhílte suntasacha bainte amach againn, agus tá ríméad orm ár n-éachtaí ón mbliain atá imithe thart a roinnt sa Tuarascáil Bhliantúil 2023 seo.

I mbliana, chuir muid Samhail Oideachais nuálach i gcrích a athróidh aistear foghlama an mhic léinn as éadan, lena soláthraítear rogha, solúbthacht agus deiseanna foghlama fad saoil nach sárófar riamh. Ag teacht lenár ngealltanas maidir le hoideachas bunaithe ar chleachtadh, lean muid linn freisin lenár gcuraclaim a athrú ó bhonn thar ár gcúig dhámh, lena n-áirítear cláir ETIM, cláir Ghnó, agus na Taibhealaíona agus na hEalaíona Cruthaitheacha.

Agus ár n-uailmhian maidir le háit a Chruthú don tSamhlaíocht agus don Inspioráid á soláthar againn, agus mar chuid dár bplean forbartha campais foriomlán 200,000m², chuir muid Ionad Spórt, Eolaíochta, Sláinte, agus Fóillíochta ar ár gCampas i dTamhlacht, ar fhoirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de é (NZE). Ba é OT Baile Átha Cliath an chéad ollscoil ilchampsais in Éirinn ar bhronn an Taisce an Brat Glas uirthi. Cuireadh an dearadh eagraíochtúil nua i gcrích lena dtacófar le foghlaim ildisciplíneach, comhoibriú feabhsaithe agus an cumas le leas a bhaint as ár láidreachtaí taighde.

Forbraíodh Creat Forbartha Gairme Taighdeora na hOllscoile le linn na bliana agus cuirfear le tuilleadh ionchur taighde nuálacha leis. Trí chomhoibriú ildisciplíneach a chothú agus béim á leagan ar thaighde ceannródaíoch, táimid ag dul i ngleic le ceisteanna domhanda agus athrú ó bhonn á bhrú chun cinn againn i réimsí amhail intleacht shaorga, fuinneamh inathnuaite, eolaíochtaí sláinte agus ardmhonaraíocht.

I mí Mheán Fómhair 2023, Sheol OT Baile Átha Cliath a céad [Phlean Straitéiseach 2024-2028](#), an dara céim laistigh den Rún Straitéiseach 2030. Leis seo, táthar ag leanúint leis an mbéim a leagan ar na trí cholún, Daoine, Domhan agus Comhpháirtíocht. Agus muid ag tabhairt aghaidh ar an dara céim dár n-aistear agus muid ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le cúig bliana anuas, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl dár mbaill foirne, dár mic léinn agus dár gcomhpháirtithe as a n-ionchur d'fhorbairt OT Baile Átha Cliath.

John Doran

Uachtarán

Meitheamh 2024

Achoimre Feidhmiúcháin

Is ábhar bróid é do OT Baile Átha Cliath le bheith aitheanta mar ghríosóir nuálaíochta, fiontar iomaíoch agus barr feabhais acadúil leanúnach, agus deiseanna oideachais á gcur ar fáil aici a mbíonn tionchar inbhraite acu ar an tsochaí, trí thaighde, nuálaíocht agus rannpháirtíocht.

In 2023, chláraigh breis is 28,500 mac léinn le OT Baile Átha Cliath, ar fud roinnt leibhéal, disciplíní agus cláir. Bhain beagnach 7,500 mac léinn céim amach le linn na bliana, tar éis dóibh cláir a chur i gcrích go rathúil agus gradaim a fháil ina leith ar fud na gcúig dhámh de chuid na hOllscoile: Dámh na nEalaíon agus na nDaonnachtaí, Dámh an Ghnó, Dámh na hInnealtóireachta agus na Timpeallachta Tógtha, Dámh na nEolaíochtaí agus na Sláinte, agus Dámh na Ríomhaireachta, Digiteacha agus Sonraí.

Leis an bhfís chun *'Domhan níos Fearr a Chruthú le Chéile'*, is é Rún Straitéiseach 2030 OT Baile Átha Cliath plean forbartha na hOllscoile. Díritear ar na trí cholún, Daoine, Domhan agus Comhpháirtíocht leis an bPlean Straitéiseach. Léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu agus an dul chun cinn a rinne an Ollscoil le linn 2023, iad leagtha amach faoi thrí cholún straitéiseacha.

People

Chun tacú lenár n-uaimhian **Mheoin Éirimiúla, Chruthaitheacha agus Uaimhianacha a Chothú**, thug OT Baile Átha Cliath forbairt Shamhail Oideachais nua na hOllscoile (UEM) chun críche. Comhtháthaítear trí chroí-ghné san UEM - Eispéireas Foghlaimora, Rogha Foghlaimora agus Tacaíocht Foghlaimora - le heispéiris agus deiseanna foghlama dár mic léinn a n-athrú ó bhonn. Soláthraítear deiseanna leis an tsamhail nua do gach foghlaimoir le bheith rannpháirteach in eispéiris foghlama claochlaithe, beag beann ar an gcosán foghlama ar a bhfuil siad.

Agus é ailínithe le forbairt an UEM, foilsíodh Polasaí Oideachais Dhigitigh na hOllscoile i mí Mheán Fómhair 2023 agus lean OT Baile Átha Cliath léi ag tógáil scileanna digiteacha agus cumais dhigitreacha ar fud na hOllscoile. Le linn na bliana, chuir an Ollscoil tús le próiseas aistrithe na mball foirne agus na mac léinn uile ó thrí Timpeallacht Foghlama Fíorúla (VLE) chuig aon cheann amháin.

Tá cur i bhfeidhm rathúil olltionscadal, amhail Convene, GROWTHhub, Cyberskills agus N-TUTORR, ag tacú le hathrú ó bhonn an churaclaim. In 2023, bronnadh sé cinn fhichead de na Comhaltachtaí 131 N-TUTORR Comhpháirtithe sa Nuálaíocht agus san Athrú ar OT Baile Átha Cliath. Cuirtear deis iontach ar fáil leis na comhaltachtaí seo do mhic léinn agus do bhaill foirne le dul i mbun comhoibríthe ar thionscadail feabhsaithe beagscála a mbíonn tionchar láithreach agus dearfach acu ar eispéireas an mhic léinn.


Ar cheann de na príomhchuspóirí dár bPlean Straitéiseach tá **Cosáin a Chur ar Fáil do Chách**, le bheith oiriúnach do thírdhreach ardoideachais atá de shíor ag athrú. Ag brath ar a spéiseanna, a spriocanna, agus a gcúinsí pearsanta, is féidir le mic léinn an cosán is fearr a roghnú maidir leis an gcaoi ina bhfuil sé ailínithe lena n-ardaidhmeanna agus lena n-uaimhianta. Soláthraíonn an Ollscoil cláir ar fud na ndisciplíní uile ó Leibhéal NFQ 6 – 10, le roinnt mhaith bealaí isteach agus solúbthacht ó thaobh struchtúir, modha agus áit seachadta. Le linn 2023, leanamar ar ár n-aistear i dtaca le cosáin oideachais sholúbtha a sholáthar, trí roinnt tionscnamh. Bhíomar ar an soláthraí oideachais pháirtaimseartha is mó in Éirinn, le 6,000 clárúchán, arb ionann é agus 11% den soláthar náisiúnta. Táimid ag leanúint linn freisin le bheith ar an ollscoil is inrochtana in Éirinn, leis an líon foghlaimoirí éagsúla is mó in Éirinn, lena n-áirítear na mic léinn siúd atá faoi mhíchumas, mic léinn lánfhásta, mic léinn ó chúraí socheacnamaíochta faoi mhíbhuntáiste agus mic léinn ó ghrúpaí mionlaigh.

Ba chéim mhór chun cinn i dtaca lenár n-uaimhian **Áit a Chruthú don tSamhlaíocht agus don Inspioráid** a sholáthar dhá ollthionscadal tógála a nochtadh ar Champas Ghráinseach Ghormáin - an Chearnóg Lárnach agus an Chearnóg Thoir. Leanadh go seasmhach le tógáil an Mhoil Acadúil agus na Leabharlainne ar champas Ghráinseach Ghormáin agus leis an dearadh d'fhoirgneamh taighde nua le linn 2023, leis an dá thionscadal ag tacú le campas ollscoile atá ar thús cadhnaíochta a thógáil i gcroílár Chathair Bhaile Átha Cliath. Ar Champas Tamhlachta, osclaíodh Ionad Spórt, Eolaíochta, Sláinte agus Fóillíochta nua i mí Mheán Fómhair 2023, agus leanadh leis an tógáil le linn na bliana ar dhá Thionscadal Comhpháirtíochta Poiblí Príobháideach Ardoideachais (HEPPP) ar champais Thamhlachta agus Bhaile Bhlainséir.

Is cuid lárnach d'Áit a Chruthú don tSamhlaíocht agus don Inspioráid iad **Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI)**. . In 2023, d'fhoilsigh an Ollscoil Ráiteas Comhionannais nua 2023-2028, ina dtugtar achoimre ar ár dtiomantas do chothromas i dtaca le rochtain ar oideachas agus rannpháirtíocht ann a chur chun cinn, agus do chomhionannas a chur chun cinn - comhionannas inscne san áireamh - i ngach gné dár gcuid oibre. Tugtar achoimre ar an dul chun cinn i dtaca le EDI a chur chun cinn sa tuarascáil seo.

Le linn 2023 tugadh faoi roinnt tionscnamh lenár dtimpeallacht oibre a neartú, agus an sprioc ann **Paisean do Bharr Feabhais a Chur Chun Cinn**. Cheadaigh an Ollscoil Cairt Foirne nua agus leanamar linn maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh oiliúna ar mhaithe le cumais agus scileanna ár ndaoine a fhorbairt. Tá OT Baile Átha Cliath ag leanúint léi i mbun abhcóideachta ar son chreat gairme acadúla iomlán, lena n-áirítear gráid agus cosáin i dtreo Ollamh Comhlach agus Ollamh a thabhairt isteach san Ollscoil.

In 2023, bhain breis is 7,500 mac léinn céim amach ar fud gach réimse staidéir, ón nGnó go na hEalaíona agus na Daonnachtaí. Leanamar linn ag dul i mbun rannpháirtíochta lenár gcéimithe chun **nAmbasadóirí a Cheiliúradh** ar fud na cruinne. Bhí ríméad ar an Uachtarán agus ar Oifig Alumni cuairt a thabhairt ar Chicago agus San Francisco in 2023 chun céimithe agus cuairteoirí a óstáil ag imeachtaí Alumni agus chun líonraí alumni áitiúla a bhunú sa dá chathair.



Domhan

Tá céimeanna móra chun cinn á ndéanamh ag OT Baile Átha Cliath mar cheannaire agus mar **Eiseamláir don Inbhuanaitheacht**. I mí an Mhárta 2023, d'fhoilsigh an Ollscoil a céad Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide OT Baile Átha Cliath, ina leagtar amach ár gcosán i dtaca le gáis Ceaptha Teasa (GHGs) a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú, lena spriocanna le haghaidh 2030 agus 2050 a bhaint amach. I mí na Nollag, bronnadh Gradam an Bhrait Ghlais de chuid an Taisce ar an Ollscoil. Ba chlochmhíle straitéiseach don Ollscoil é creidiúnú an Bhrait Ghlais a bhaint amach. Fuaireamar €1m de mhaoiniú freisin ón HEA mar aitheantas dár bhfeidmiú iontach i dtaca le réitigh fuinnimh inathnuaite a fhorbairt agus a dtionchar ar fud na sochaí. D'óstáladar breis is 200 imeacht inbhuanaitheachta in 2023 agus áiríodh muid sa Chéad 100 ollscoil i Ranguithe Tionchair SDG i dtrí chatagóir: SDG11 Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe, SDG 1 Deireadh leis an mBochtaineacht, agus SDG 13 Gníomhú ar son na hAeráide.

Lenár n-uaimhian i dtaca le **Saoránaigh Dhomhanda Fhreagracha a Chruthú**, ba chéim chun cinn tábhachtach in 2023 í seoladh an Chreat Oideachais Inbhuanaithe (SEF) OT Baile Átha Cliath. Cuireann sé seo an tacaíocht uileghabhálach ar fáil le haghaidh cur chuige uile-institiúideach i dtaca le hinbhuanaitheacht a neadú sa churaclam, leis an sprioc go mbeidh gach ball foirne agus mac léinn tar éis páirt a ghlacadh in oideachas agus oiliúint inbhuanaitheachta faoi 2028. Forbraíodh an Tacar i dtaca le hOideachas Inbhuanaitheachta OT Baile Átha Cliath chun tacú leis an gcuspóir seo agus tá OT Baile Átha Cliath ag obair i dtreo úsáid a bhaint as STARS, creat trédhearcach, lena mbaineann féintuairisciú le gur féidir le coláistí agus le hollscoileanna a bhfeidmiúlacht inbhuanaitheachta a thomhais.

Is príomhghné í dár ról mar ollscoil le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe chun eolas a ghiniúint agus a chur i bhfeidhm chun fíor réitigh a chur ar fáil a **Théann i nGleic le Dúshlán Dhomhanda**. Lenár Straitéis Taighde agus Nuálaíochta 2023-2028 cuirtear léargas ar fáil dár dtionchar taighde agus nuálaíochta agus tugtar achoimre faoin gcaoi, le linn na gcúig bliana amach romhainn, a leanfaimid linn ag tacú le taighde agus nuálaíocht atá dírithe ar thionchar. Bunaíodh Oifig Rannpháirtíochta agus Tionchair Taighde in 2023 chun dlús a chur lenár dtionchar taighde agus nuálaíochta.



Comhpháirtíocht

In 2023, cuireadh ár straitéis **Eolaíochta Oscailte** chun cinn trí rannpháirtíocht in TU-NET, comhthionscnamh de chuid Ollscoileanna Teicneolaíochta (OTanna) in Éirinn. Cuireann TU-Net barr feabhais i dTaighde Oscailte chun cinn trí chomhroinnt saineolais, eolais agus acmhainní a éascú, lena réitítear an bealach le haghaidh taighdeoirí eile, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, rochtain a fháil ar ár dtaighde agus a dhul i mbun rannpháirtíochta leis. Chomh maith leis seo, shínigh OT Baile Átha Cliath, mar bhall den chuibhreannas ScienceDirect, comhaontú trí bliana chun leanúint le tacaíocht a thabhairt do rochtain oscailte le haghaidh taighde in Éirinn.

Is é Nuálaíocht OT Baile Átha Cliath an Oifig Nuálaíochta agus Aistrithe Eolais a bhfuil gradaim buaite aici ag OT Baile Átha Cliath, atá freagrach as maoin intleachtúil ag eascairt as taighde a thráchtáil. Chuidigh sí le mac-chomhlachta OT Baile Átha Cliath a chruthú, lena n-áirítear Kastus®, Micron Agritech agus Ocumetra. In 2023, thionsaigh Micron Agritech maoiniú de €2.7 milliún, chun é féin a chur chun cinn le haghaidh tuilleadh leathnaithe. San am céanna, is eiseamláir de **Nuálaíocht Oscailte**, é an tionscadal 'BioFreshPack' lena dtugtar foireann saineolaithe éagsúla le chéile ón saol tionsclaíochta agus ón saol acadúil chun pacáistiú bia a athrú ó bhonn ach é a dhéanamh in-bhithmhille agus in-athchúrsáilte.

Agus é ag tacú le gnólachtaí nuathionscanta luathchéime, tá an Clár Teorann Nua ag OT Baile Átha Cliath ag leanúint leis le bheith ar thús cadhnaíochta na dteicneolaíochtaí ceannródaíochta atá ag teacht chun cinn, agus tallann ó ghnólachtaí nuathionscanta á mealladh aige ó earnála an Bhogearra, na hInnealtóireachta, na Teicneolaíochta Leighis, na Teicneolaíochta Airgeadais, na Teicneolaíochta Spórt, na Teicneolaíochta Folláine, na Réaltachta Breisithe, na Réaltachta Fíorúla, IS, na Teicneolaíochta Glasa agus na hInbhuanaitheachta. Thacaigh OT Baile Átha Cliath le 176 fiontraí in 2023, lena sáraíodh a meánmhéid bhliantúil, agus ba bhanfhiontraithe iad os cionn aon trian acu.

Le linn 2023, d'fhorbraíomar comhpháirtíochtaí nua le réimse eagraíochtaí seachtracha ar páirtithe leasmhara iad – comhlachtaí earnála poiblí, fiontair phríobháideacha agus eagraíochtaí pobail, lenár sprioc i dtaca le tionchar comhroinnte a sholáthar a bhaint amach. Táimid tiomanta do rannpháirtíocht le heagraíochtaí seachtracha a neartú agus do **Líonra Dlúthnasctha** a chaomhnú chun cabhrú le taiscéalaíocht a ghríosú, sineirgí a ghíaráil agus spriocanna comhchoiteanna a sholáthar.

Chun a áirithiú go bhfuil **Dearcadh Domhanda** lárnach inár ngníomhaíochtaí, comhoibríonn OT Baile Átha Cliath go forleathan, lena n-áirítear ollscoileanna agus institiúidí ardoideachais san Eoraip, sna Stáit Aontaithe, sa Bhrasaíl, sa tSín, san Mhalaeisia agus san Indinéis. Tá OT Baile Átha Cliath ag leanúint léi i dtaca le hidirnáisiúnú a neadú san Ollscoil, lena n-áirítear trí chlár Ollscoil Eorpach na Teicneolaíochta (EU+) agus Erasmus+.programmes.



Sna codanna deireanacha den tuarascáil seo, cuirtear Ráiteas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe na hOllscoile ar fáil. Tugtar eolas faoin mballraíocht iomlán agus faoi choistí an Chomhlachta Rialaithe. Cuirtear ballraíocht na Comhairle Acadúla ar fáil freisin. D'ullmhaigh an Ollscoil a ceathrú sraith de Ráitis Airgeadais Iníuchta don tréimhse go dtí an 31 Lúnasa 2022 – cuirtear nasc chuig na ráitis iomlána ar fáil.

TU Dublin at a Glance

- Key Facts & Figures



3
champas



7.5k+
míle céimi sa bhliain



28.5k+
míle mac léinn



6.5k+
míle mac léinn páirtaimseartha



ETIM
15%
den soláthar náisiúnta



Gnó
12%
den soláthar náisiúnta



Seirbhísí
20%
den soláthar náisiúnta



Ealaíona Cruthaitheacha
Taibhealaíon
40%
of Dublin region pro



Baill Foirne a bhfuil Dámhachtain Duaiseanna bainteach amach acu



Athena SWAN

Bronze Award



+77%
luach dámhachtana taighde (le trí bliana anuas)



18,500+
lua
(le trí bliana anuas)



1,000+
comhoibriú acadúil



800+
comhoibriú le tionscal




Gníomhaíochtaí Aistrithe Teicneolaíochta a bhfuil Duaiseanna



7,000m²
de spás cothaithe

nuat
ga



1 : 15

cóimheas foirne :
mac léinn



3k+

mhíle mac léinn
idirnáisiúnta ó 100 tír



1,000+

mac léinn
ag obair le
heagraíochtaí pobail



**Printíseachtaí
Ceardaíochta
25%**

soláhar náisiúnta



25%

d'iontrálaithe nua
fochéime via **bealaí
rochtana**



**Breisoideachas
20%**

d'iarratais náisiúnta



+13M

íoslódáil taighde
le rochtain oscailte
arrow@TUDublin




200

fiontraí gach bliain
(ar chlár fiontraíochta
OT Baile Átha Cliath)

100+

gnólacht
chionscanta
gach bliain

Field of Study



Rún Straitéiseach 2030

- Domhan Níos Fearr a Chruthú le Chéile

Sheol an Ollscoil a [Rún Straitéiseach 2030](#) i mí Eanáir 2020. Leis seo, leagadh amach plan agus fíis deich mbliana chun 'Domhan Níos Fearr a Chruthú, le Chéile'. Agus í bunaithe ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SDGanna) agus i mbun comhairliúcháin le réimse leathan páirtithe leasmhara, comhdhéantar an straitéis de thrí phríomhchólún **Daoine**, **Domhan** agus **Comhpháirtíocht**.

- **Daoine:** Tá spás agus cultúr á chruthú ag OT Baile Átha Cliath inar féidir le daoine smaointe agus caidrimh a chothú. Tá muid tiomanta do dheiseanna oideachais claochlaithithe a chruthú lena dtacaítear le daoine a gcumas iomlán a bhaint amach.
- **Domhan:** Tá sé mar aidhm ag OT Baile Átha Cliath bealaí oibre agus maireachtála nua, níos cothroime a aimsiú lena gcosnófar ár bpláinéad le haghaidh na nglúnta amach romhainn, agus í ag oibriú le páirtithe leasmhara chun cuid de na ceisteanna is práinní atá ag an domhan a réiteach.
- **Comhpháirtíocht:** Déanann OT Baile Átha Cliath daoine a nascadh, chun deiseanna nua a aimsiú trí smaointe a nascadh agus cumais a roinnt. Tuigimid go réitítear fadhbanna casta na linne seo le chéile.



DAOINE

Cothófar Tallann Aonair i nDomhan atá ag Síorathrú

- ✓ Ag cothú uailmhéine agus meonta éirimiúla cruthaitheacha
- ✓ Ag cruthú spás don tsamhlaíocht agus don Inspioráid
- ✓ An dúil a bheith rathúil a chur chun cinn
- ✓ Ag ceiliúradh ár nAmbasadóirí



DOMHAN

Eiseamláir san Inbhuanaitheacht Beatha & Análaithe

- ✓ Bheith inar n-eiseamláir don inbhuanaitheacht
- ✓ Saoránaigh dhomhanda fhreagracha a chruthú
- ✓ Dul i ngleic le dúshláin dhomhanda




COMHPHÁIRTÍOCHT

Déanfar Tionchar Comhroinnte a Sheachadadh

- ✓ Eolaíocht oscailte, nuálaíocht oscailte, a bheith oscailte don domhan
- ✓ Líonra dlúth
- ✓ A bheith domhanda
- ✓ Éifeachtacht eagraíochtúil

I mí Mheán Fómhair 2023, sheol OT Baile Átha Cliath a [Rún Straitéiseach 2024-2028](#), an dara céim laistigh den Rún Straitéiseach. Tá sé seo ag leanúint leis an mbéim a chur ar na trí cholún agus leagtar amach na spriocanna agus na cuspóirí uileghabhálacha do na cúig bliana amach romhainn leis. Bhí athbhreithniú mionsonraithe agus machnamh ar ár bhfeidhmíocht mar chuid d'fhorbairt an phlean, chomh maith le hathbhreithniú ar an timpeallacht sheachtrach, lena n-áirítear margadh an lucht saothair, teicneolaíochtaí i mbun athraithe agus na scileanna atá ag teacht chun cinn a bhfuil gá leo. Tugadh faoi chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara móra uile agus na n-uaimhianta, an treoir agus na spriocanna á n-ullmhú. Léirítear na réimsí leathan fócais le haghaidh 2024-2028 i bhFigiúr 1 thíos.

Figiúr 1: Réimsí Fócais do Phlean Straitéiseach 2024-2028





Daoine

Ár nUaillmhian

Cothóimid buanna aonair i ndomhan atá ag síorathrú, ag spreagadh samhlaíocht mac léinn, baill foirne agus comhpháirtithe, ag tacú le daoine chun barr a gcumas a bhaint amach. Déanfaimid é seo trí:

- » **Éirim, Cruthaitheacht & Uaillmhian a Chothú,**
- » **Conairí a Chruthú do Chách**
- » **Áit Samhlaíochta agus Inspioráide a Chruthú**
- » **Paisean don bharr feabhas a chur chun cinn**
- » **Ag Ceiliúradh ár nAmbasadóirí**

1.1 DAOINE


Meoin Éirimiúla, Chruthaitheacha agus Uaimhianacha a Chothú

“Táimid tiomanta do shamhail oideachas atá bunaithe ar thaighde agus cleachtas a shamhlú, a fhorbairt agus a sheachadadh, samhail a chuireann chun cinn barr feabhais san oideachas agus a chinntíonn go bhforbróidh an t-oideachas a thugtar inniu na tréithe agus cumais atá riachtanach don saol atá amach romhainn”

Tá coincheap na samhlacha oideachais nua bunaithe ar an bhfís bhunaidh le haghaidh ollscoil teicneolaíochta i réigiún Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ceaptha chun eispéreas oideachais nua agus difriúil a fhorbairt chun riachtanais na bhfoghlaimoírí a chomhlíonadh don chéad ghlúin eile. In 2023, thug OT Baile Átha Cliath forbairt na samhlacha nua i gcrích tar éis comhairliúchán suntasach leis na páirtithe leasmhara uile lena n-áirítear mic léinn, baill foirne agus earnáil na tionsclaíochta.

Is é an foghlaimoírí fócas lárnach Shamhail Oideachais na hOllscoile (UEM). Agus an UEM á neadú i gcleachtas, i bpróisis agus i gcultúr na hOllscoile, tá sé mar aidhm aige na céimithe is mó a bhfuil tóir orthu agus atá liteartha go digiteach a fhorbairt. Comhtháthaítear trí phríomhghné sa tsamhail - **Eispéreas Foghlaimoira**, **Rogha Foghlaimoira** agus **Tacaíocht Foghlaimoira** (Figiúr 2). Leis na trí ghné seo a thabhairt le chéile ó thaobh sineirge de, spreagtar foghlaimoírí chun glacadh le deiseanna fáis, chomh maith le forbairt phearsanta agus shochoaíoch, le linn a n-aistear foghlama ag OT Baile Átha Cliath.

Figiúr 2: Samhail Oideachais OT Baile Átha Cliath



Cuireadh roinnt gníomhaíochtaí i gcrích le linn 2023, lena n-áirítear:

1. Cur i bhfeidhm tosaigh na samhlacha - ghlac gach Scoil de chuid OT Baile Átha Cliath páirt i gceardlanna chun cabhrú leis na céad phríomhchéimeanna den tsamhail a aistriú agus chun gníomh a dhéanamh ina leith, ar ar tugadh “Seacht mBunús”. Cuirtear béim leis na Seacht mBunús ar chomhoibriú níos dlúithe i measc foirne disciplín agus cláir chun dúbláil a laghdú agus chun modúil chomhchoiteanna a chruthú; spreagtar Scoileanna leo chun tús áite a thabhairt do Mhúinteoireacht, d’Fhoghlaim, do Mheasúnú agus d’Aiseolas (TLAF) i módúlachtaí atá oiriúnach ó thaobh oideolaíochta de; agus tacaítear le Scoileanna leo maidir le bealaí a chruthú go gníomhach lena n-éascaítear rochtain níos leithne a chruthú agus lena ndéantar tairiscintí a ailíniú le héilimh tionscail.
2. Cuireadh na prionsabail de Chroímhodúil ar bhonn uile-Ollscoile i gcrích. Beidh mic léinn in ann modúil chomhchoiteanna a roghnú ag leibhéal na Scoile, na Dáimhe nó na hOllscoile.
3. Cuireadh Creat na nEispéreas Foghlaimoira (FLE) i gcrích. Soláthraítear deiseanna leis do gach foghlaimoírí le bheith rannpháirteach in eispéiris foghlaimoira chlaochlaithe, beag beann ar an gcosán foghlama ar a bhfuil siad.
4. Forbraíodh agus ceadaíodh coincheap nua i dtaca le clár na Saorealaíon agus tá sé le bheith dearbhairt go luath in 2024. Tá an chéad ghrúpa mac léinn beartaithe le haghaidh rollú i mí Mheán Fómhair 2025.

Is iniúchadh cuimsitheach ar Shamhail Oideachais na hOllscoile ó thaobh cleachtas de ar fud OT Baile Átha Cliath é bailiúchán an UEM [“Slí Maireachtála na hOllscoile”](#)

Cumas Digiteach na mBall Foirne agus na Mac Léinn a Thógáil

I mí na Nollag 2022, d’fhoilsigh OT Baile Átha Cliath a céad Plean Oideachais Dhigitigh go 2030. Faoi choimirce an phlean sin, foilsíodh an chéad Plean Oideachais Dhigitigh de chuid OT Baile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2023. Leagtar amach an fhealsúnacht, an scóip agus na prionsabail a bhaineann le cleachtas foghlama, múinteoireachta agus measúnaithe atá breisithe go digiteach a chomhtháthú i modúil a sholáthraítear ‘Ar an Láthair ar Champas éascaithe ag Teicneolaíocht’, ‘Cumaiscthe’, ‘Ar Líne’ agus/nó

'Go Solúbtha/Hibrideach'. Dearadh é chun dearbhú cáilíochta agus caighdeán acadúla aron a chosaint, chun feabhsú caighdeán a spreagadh, agus chun soláthar na dtacaíochtaí iomchuí do bhaill foirne agus do mhic léinn atá rannpháirteach in oideachas digiteach a chinntiú. Tacaítear le 'Oideachas Maith' SDG 4 leis freisin a bhfuil sé mar aidhm aige oideachas maith atá cuimsitheach agus cothrom a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaol do chách a chur chun cinn.

Le linn 2023/24, chuir an Ollscoil tús leis na baill foirne agus na mic léinn uile a aistriú ó thrí Thimpeallacht Foghlama Fíorúla (VLE) go haon cheann amháin, ag baint úsáide as Brightspace. Is ardán láidir, inrochtana agus ceannródaíoch é Brightspace ina mbaintear úsáid as IS chun eispéireas foghlama na mac léinn a fheabhsú agus chun sonraí a thiontú go léargais mhionsonraithe chun cabhrú le cinntí a dhéanamh.

N-TUTORR: Eispéireas na Mac Léinn a Chlaochlú

Is tionscadal náisiúnta é N-TUTORR ar fud earnáil na n-ollscoileanna teicneolaíochta. Tá sé mar aidhm aige foghlaim, múinteoireacht agus measúnú a chlaochlú trí bhéim a leagan ar eispéireas na mac léinn a chlaochlú agus cumais na mball foirne uile a fhorbairt chun dul i ngleic le timpeallacht oideolaíochta agus foghlama inbhuanaithe. Go háirithe, tá béim ar leith ar chlaochlú digiteach, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI). Maoinítear an tionscadal le ciste an Chéad Ghlúin Eile de chuid an Aontais Eorpaigh, tacaíonn an tÚdarás Ardoideachais leis agus bainistíonn THEA é.

Comheagraítear an clár thart timpeall ar thrí phríomhshruth nasctha:

- 1. Cumhachtú Mic Léinn:** Cuimsítear roinnt tionscnamh leis seo lena n-áirítear na Comhaltachtaí le haghaidh Mic Léinn mar Chomhpháirtithe Nuálaíochta agus Aistrithe, clár na Mac Léinn a Chur Chun Cinn, agus líonra Comheagraitheoirí Cumhachtaithe Mic Léinn ar fud na hearnála, lena gclaochlófar an t-eispéireas foghlaimeora.
- 2. Cumais na mBall Foirne:** Foghlaim, múinteoireacht agus measúnú a chlaochlú trí chumais na mball foirne acadúla, bainistíochta agus tacaíochta a fhorbairt. Tá sé seo á bhaint amach tríd ár bPobal Cleachtas agus an tsraith N-TUTORR Masterclass.
- 3. Éiceachórais Dhigiteacha:** Mar chuid de seo, faightear roinnt ardán digiteach don earnáil agus cuirtear i bhfeidhm iad chun feabhas a chur ar na héiceachórais agus chun na claochluithe atá le baint amach a éascú i mbealach inbhuanaithe.

Leis an gclár comhaltachta, ligtear do mhic léinn agus do bhaill foirne dul i mbun comhoibríthe ar thionscadail feabhsaithe ar bheagscála agus maoiniú de €5,000 in aghaidh an tionscadail a fháil. Agus é deartha chun feabhas a chur ar eispéireas an foghlaimeora, díritear na Tionscadail Comhaltachta ar réimsí téamacha, lena n-áirítear: Oideachas le haghaidh Inbhuanaitheachta; EDI; Claochlú Digiteach i Múinteoireacht agus i bhFoghlaim; Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim; agus Ardchaighdeán Acadúil. In 2023, bronnadh sé cinn fhichead de na Comhaltachtaí 131 N-TUTORR Comhpháirtithe sa Nuálaíocht agus san Athrú ar OT Baile Átha Cliath.

Comhaltacht N-TUTORR Nuálaíochta agus Athraithe



Rannpháirtíocht Ollscoile- Tionscail a Chlaochlú le haghaidh Forbairt Tallainne agus Scileanna

Is tionscadal comhoibríoch é an tAcadamh Fiontair le UCD, lena dtacaíonn Convene, agus arna maoiniú ag an Human Capital Initiative faoi cholún 3 Nuálaíocht agus Solúbthacht. Dearadh é chun cumas a mhéadú in ardoideachas le riachtanais scileanna tosaíochtaí agus iad siúd atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh. Cuireann an tAcadamh Fiontair pointe iontrála aonair ar fáil le haghaidh fiontar chun dul i mbun comhpháirtíochta le OT Baile Átha Cliath ar a tionscnaimh forbartha tallainne agus a straitéis scileanna fadtéarmach. Agus é ag obair le fiontair ar fud na hearnála agus na gcineálacha gnó uile, socraíonn an tAcadamh Fiontair caidrimh le dáimh agus le scoileanna OT Baile Átha Cliath chun réitigh solúbtha, inscálaithe, creidiúnaithe a chruthú lena dtugtar aghaidh ar riachtanais scileanna earnáil sonracha. Tugadh roinnt clár nua isteach in 2023.

- An Earnáil Teicneolaíochta Spórt atá ag Méadú go Mear a Ghríosú in Éirinn

D'fhorbair agus ina dhiaidh sin sheol an tAcadamh Fiontair an [Clár Diplóma Iarchéime in Anailísíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht Spórt](#), lenar bhuaigh siad tairiscint arna eisiúint ag Teicneolaíocht Dhigiteach Éireann Skillset i gcomhpháirtíocht le SportsTech Ireland le haghaidh sraith clár creidiúnaithe a fhorbairt. Bhí an tAcadamh Fiontair ar thús cadhnaíochta na tairisceana ildisciplíneach lenar bhain dlúth chomhoibriú le trí cinn dár gcúig Dámh a chuaigh i mbun rannpháirtíochta chórasach agus den chéad uair, i ndearadh, forbairt agus dearbhú bealaí foghlama in-chruachta.

- Clárú Cluichí Micridhintiúr Intel Ireland

Mar thoradh ar obair Intel leis an Acadamh Fiontair, Scoil na Meán agus an Scoil Faisnéisíochta agus Cibearshlándála forbraíodh clár oiliúna saincheaptha i samhltú agus dearadh 3D agus i dteicneolaíochtaí cluichí feidhmeacha idirghníomhacha 3D le haghaidh úsáid i bhfeidhmchláir oiliúna. Déanann an clár creidiúnaithe Leibhéal 9 15 tairiscint ar chreidmheasanna inchruachta ar féidir úsáid a bhaint astu chun tógáil i dtreo creidmheasanna a bhfuil gá leo le haghaidh céim máistreachta. Chuir sé dhuine rannpháirtí dhéag ó Intel micridhintiúr i ndearadh Acmhainne Cluiche i gcrích, an chéad cheann de dhá mhicridhintiúr Leibhéal 8 lena soláthraítear foghlaim ar líne le haghaidh baill foirne nua Intel ar threalamh ardleibhéil. Reáchtáladh an dara Clárú Cluiche in 2023 inar éascaigh foireann Dearaidh Oideachasúla OT Baile Átha Cliath soláthar ar líne.

- Clár Teastais Ceannaireachta

Tugadh an chéad bhabhta den Chlár Teastais Ceannaireachta Leagan 1 arna sholáthair ag an Acadamh Fiontair agus arna éascú ag an Scoil Gnó Iarchéime i gcrích i mí Mheán Fómhair 2023, le 68 céimí. Chun cabhrú leo a n-uailmhianta scálála a bhaint amach, rinne Leagan 1 teagmháil leis an Acadamh Fiontair d'fhonn clár forbartha ceannaireachta creidiúnaithe saincheaptha a fhorbairt chun cur le gníomhaíocht forbartha bainistíochta inmheánach na cuideachta atá ann cheana agus a bhfuil an-mheas uirthi. Ós rud é go n-oibríonn an tAcadamh Fiontair ar fud na scoileanna agus na ndámh uile de chuid na hOllscoile bhí sé an-oiriúnach leis an réiteach oideachais cheart a sholáthar do riachtanais Leagan 1. Rinne an tAcadamh Fiontair teagmháil leis an Scoil Gnó Iarchéime d'fhonn an clár agus an Teastas Ceannaireachta saincheaptha (Leibhéal 9, 10 ECTS) a seoladh in earrach na bliana 2023 a fhorbairt. Leathnófar grúpa na bliana 2024 go 200 fostaí.



Seoladh an Diplóma Iarchéime in Anailísíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht Spórt

Éachtaí na Mac Léinn 2023

Comórtas Néalríomhaireachta Náisiúnta Buaithe ag Fiachra Curran
Bhuaigh mac léinn de chuid OT Baile Átha Cliath, Fiachra Curran, Comórtas Néalríomhaireachta Náisiúnta Worldskills Éireann 2023. Reáchtáladh an comórtas thar thrí lá, inar réitigh rannpháirtithe fíordhúshláin tionscail trí dhea-chleachtais na Néalríomhaireachta a chur i bhfeidhm. Tá Fiachra i mbun staidéir i Scoil na Fiontraíochta, na Ríomhaireachta agus an Chlaochlaithe Dhigitigh.

Fiachra Curran ag glacadh a Ghradam Néalríomhaireachta Náisiúnta Worldskills Éireann



Bonn cré-umha i gComhrac Pointí na bhFear - 74 cileagram buaithe ag Kieran Boyle

Bonn Cré-Umha i gCraobhchomórtas Spórt Comhrac EUSA

Bhuaigh Kieran Boyle bonn cré-umha i gComhrac Pointí na bhFear -74 cileagram ag Craobhchomórtas Spórt Comhrac EUSA in Ollscoil Ságraib, an Chróit. Chuaigh Kieran in iomaíocht ar son OT Baile Átha Cliath i spórt na cicdhornalaíochta agus bhuaigh sé ceann amháin den dá bhonn a bhuaigh lúthchleasaithe Éireannacha ag an gCraobhchomórtas. Chuir sé a thríú bliain i mBainistíocht agus Cóitseáil Spórt ag OT Baile Átha Cliath i gcrích le déanaí.

Bhuaigh Matthew Loram dhá ghradam ag Olympiad na gCócairí Óga



Ilghradaim Buaithe ag Mac Leinn Cócaireachta faoi Oiliúint ar son na hÉireann

Matthew Loram, a bhuaigh dhá ghradam ag naoú Olympiad na gCócairí Óga (YCO), a reáchtáladh san India. Fuair sé an ceann ab fhearr ar ghéariomaíocht ó chócairí a ghlac páirt ó 56 tír le linn comórtas cúig lá. Bronnadh an Gradam Rising Star agus Corn an Phláta air mar gheall ar a bhéilí mealltacha. Is mac léinn BE Ealaíona Cócaireachta é Matthew ag OT Baile Átha Cliath.

True Wind - Molly Kiely



Bhuaigh Mic Léinn de chuid OT Baile Átha Cliath Léinn


Thug mic léinn ó Scoil na Meán OT Baile Átha Cliath Meán na Mac Léinn (SMEDIAs) 2023 ISIC, comórtas gradaim mar 'na gradaim mhac léinn is suntasaí de c

- Léiriúchán Raidió na Bliana - Ealaíona agus
- Scannán Faisnéise na Bliana:
- Clár Faisnéise Raidió na Bliana:
- Léiriúchán Raidió na Bliana - Nuacht agus C
- Gradam an EPA le haghaidh Iriseoireacht a l leis an gComhshaol:

'Meicnic Inchlúiche Is Fearr' buaite ag Seamus Maher, Luka Mumeas agus Conor Mulgrew ag Féile Cláraithe na gCluichí Digiteacha

Gradam Meicnic Inchlúiche Is Fearr Buaite ag Mic Léinn

Bhuaigh na mic léinn Seamus Maher, Luka Mumeas agus Conor Mulgrew, 'Meicnic Inchlúiche Is Fearr' ag an bhFéile Cluichí Digiteacha is suntasaí de chuid na hÉireann. Déanann painéal saineolaithe de chuid an tionscail moltóireacht ar an gcomórtas Fleadh na gCluichí, atá 20 bliain ar an bhfód anois. Tugtar aitheantas do na dearthóirí agus na forbróirí is fearr sa tír leis. Chuir an ceathrar acu a mbliain dheireanach i mBaitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Cluiche i gcrích le déanaí.



Cúig Ghradam Náisiúnta Meán na Mac

na cúig ghradam leo ag Gradaim Náisiúnta bliantúil Uile-Éireann. Aithnítear na chuid na hÉireann'.

- Tuairimíochta: Patrick Kidd
- Molly Kiely
- Eoin Glackin
- Cúrsaí Reatha: Eoin Glackin
- pháineann Jordan Dempsey

An Duais mór le rá Hamilton bronnta ar Kituru Ndee



Duais Mór Le Rá Hamilton le hAghaidh Matamaitic Buaite ag Mac Léinn

Bhronn Acadamh Ríoga na hÉireann an Duais mór le rá Hamilton ar Kituru Ndee mar gheall ar a éachta acadúla sa tríú bliain dá BSc (Onóracha) Eolaíochtaí Matamaiticiúla. Bronntar an duais ar shár-mhic léinn matamaitice as a mbliain leathdheireanach agus iad ainmnithe ag a n-ollscoil.

1.2 DAOINE

Ag Cruthú Cosán Oideachais do Gach Duine

“Táimid tiomanta do
dheiseanna oideachais
ar feadh an tsaoil a
sholáthar ag gach
leibhéal”

In 2022/23 bhí líon iomlán de 256,785 mac léinn rollaithe in ardoideachas. Bhí beagnach 10% de rolluithe náisiúnta ag OT Baile Átha Cliath. Le beagnach 7,500 céimí is í ceann de na hollscoileanna is mó in Éirinn í (Figiúr 3). Tá beagnach an leathchuid (47%) de mhic léinn OT Baile Átha Cliath in Eolaíocht, i dTeicneolaíocht, in Innealtóireacht agus i Matamaitic (ETIM), réimse arb ionann OT Baile Átha Cliath agus 15% den soláthar náisiúnta. Is í an Ollscoil an soláthraí oideachais ghnó is mó ar bhonn náisiúnta, le breis is 6,000 mac léinn rollaithe. Laistigh de réigiún Bhaile Átha Cliath, cuireann OT Baile Átha Cliath oideachas ar bheagnach an ceathrú cuid de na mic léinn sna hEalaíona Cruthaitheacha agus sna Taibhealaíona. Tá an líon is mó iontrálaithe nua ag an Ollscoil ar bhonn náisiúnta, le breis is 5,000 mac léinn ag tosú gach bliain.

Figiúr 3: Rolluithe Mic Léinn Institiúidí Ard-Oideachais ar Bhonn Náisiúnta 2022/23



Foinse: An tÚdarás um Ard-Oideachas

Nóta: Ní chuimsítear FETAC, an Choigríoch, Malartú ag Teachnt Isteach agus Ceol Sóisir i sonraí tagarmharcála

Tá próifíl mhic léinn seasmhach ar an mórgóir á caomhnú ag an Ollscoil ó bunaíodh í in 2019, ach bhí laghdú rollaithe ann in 2022/23 ar aon dul le laghdú náisiúnta. Luaitear réimse cúiseanna leis an laghdú, lena n-áirítear athruithe ar na córais Oideachais Bhreise (FE) agus Ardoideachais le déanaí.

Tá deiseanna suntasacha i bhfás rollaithe in oideachas ETIM sna blianta amach romhainn, mar gheall ar an malartú dúbláilte d'athrú aeráide agus digitíú. Tá gá le huasoiliúint agus le athoiliúint chun freagairt do dhúshlán dhomhanda agus áitiúla. Tá OT Baile Átha Cliath suite go maith chun tacú leis an éileamh méadaithe seo. In 2022/23 bhíomar ar an soláthróir oideachas ETIM is mó, agus 15% de rolluithe náisiúnta againn (11,760 mac léinn). Tá beagnach leathchuid de na rolluithe uile ag an Ollscoil in ETIM.


Tarraingítear aird ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar chosáin solúbtha i Ráiteas Straitéise DFHERIS 2021-2023 agus sna Céad Chéimeanna eile le haghaidh Múinteoireacht agus Foghlaim, áit a samhlaítear go bhfuil sé 'ag croílár an oideachais'. In 2022/23, ba í OT Baile Átha Cliath an soláthróir oideachais pháirtaimseartha is mó in Éirinn, le breis is 6,000 rollú (seachas printíseachtaí), arbh ionann é agus 11% den soláthar náisiúnta.

Cé go raibh laghdú náisiúnta ar rolluithe páirtaimseartha, leagadh béim ar dhá phríomhthosaíocht le Measúnú agus Moltaí Straitéise Scileanna Éireann an OECD:

- 1) Cothromaíocht i dtaca le scileanna a fháil trí sholáthar scileanna freagrúil agus éagsúlaithe – lena gcuimsítear go ndéantar cinnte go bhfuil a córas scileanna solúbtha agus freagrúil chun dul i ngleic le ganntanais agus neamhréireacha scileanna de réir mar a thagann siad chun cinn.
- 2) Rannpháirtíocht níos fearr a chothú i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil san ionad oibre agus lasmuigh de – tá sé ríthábhachtach go spreagtar cultúr d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil le cinntiú go dtéann daoine aonair i mbun rannpháirtíocht ghníomhach le foghlaim le haghaidh daoine fásta tar éis dóibh an córas oideachais éigeantach a fhágáil.

Cé gur spás an-dinimiciúil é oideachas páirtaimseartha agus solúbtha faoi láthair, tá sé beartaithe ag OT Baile Átha Cliath leanúint léi ag cur tairiscintí páirtaimseartha iomchuí ar fáil. Tá sí i mbun athbhreithnithe ar a punann agus machnamh á dhéanamh aici faoin gcaoi ar féidir léi a tairiscint a bhogadh chun dul i ngleic le riachtanais an mhargaidh – lena n-áirítear a tairiscint Springboard agus a clár comhoibríochta le tionscal.

Is í OT Baile Átha Cliath ceann de na soláthróirí printíseachtaí is mó sa tír, agus oideachas á chur ar aon chúigiú cuid de sholáthar na tíre aici. Le printíseachtaí nua san áireamh, tá daonra foriomlán na mac léinn printíseachta os cionn 1600. Faoi choimirce na hOifige Printíseachtaí Náisiúnta nuabhunaithe, táthar ag súil le go dtiocfaí méadú suntasach ar an earnáil seo. Laistigh den tsamhail reatha, tá srian ar thuilleadh na hOllscoile maidir le spás fisiciúil, ach tá obair ar bun chun dul i ngleic leis sin agus líon na mac léinn printíseachta a mhéadú i réimsí ina bhfuil ard éileamh. In 2023, d'fhorbair OT Baile Átha Cliath dréacht Straitéise Printíseachta chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo.



Rochtain agus Rannpháirtíocht a Leathnú

Is tosaíocht é inár Rún Straitéiseach 2030 le bheith ar an ollscoil is inrochtana in Éirinn, leis an líon is mó d'fhoghlaimoirí éagsúla. In 2023, bhí an dara líon is airde de mhic léinn faoi mhíbhuntáiste san earnáil, le 2,062 mac léinn lánaimseartha agus 566 mac léinn páirtaimseartha.² Bhí an líon is airde de mhic léinn atá faoi mhíchumas ar an iomlán (1,853 mac léinn) ag OT Baile Átha Cliath, tar éis Ollscoil Luimnigh. Tá sprioc shonrach socraithe ag an bPlean Rochtana Náisiúnta, céatadán na mac léinn atá faoi mhíchumas (SWD) a ardú go 16% faoi 2028. Tá an sprioc náisiúnta sáraithe ag OT Baile Átha Cliath cheana féin agus tá sí tiomanta do chéatadán na n-iontrálaithe nua uile atá faoi mhíchumas a ardú go 17% le linn thréimhse an Phlean Rochtana Náisiúnta.

Ar dhá mhéadrach eile – iontrálaithe nua ar mic léinn aibí faoi mhíbhuntáiste iad agus iontrálaithe ag aistriú ó Oideachas Breise – d'éirigh go han-mhaith le OT Baile Átha Cliath. Bhí an dara líon is airde de mhic léinn aibí faoi mhíbhuntáiste san earnáil aici agus líon iomlán de 839 mac léinn lánaimseartha a chuaigh ar aghaidh go OT Baile Átha Cliath ó Oideachas agus Oilíúint Bhreise.

Aistear OT Baile Átha Cliath i dtreo Cuimsiú

Le linn 2023 thugamar tionscnaimh isteach chun tacú le mic léinn atá faoi mhíchumas. Chomhoibríomar le Carthanacht Uathachais Náisiúnta de chuid na hÉireann (AsIAM), chun iniúchtaí céadfacha a chur i gcrích ar fud


na bhfoirgneamh uile ar gach campas. Chomhoibríomar freisin le TCD i dtaca le huirlis chéadfach a fhorbairt le haghaidh mic léinn. Cuireadh uirlis tacaíochta maidir le hinniúlacht ar bhogearraí, 'Léamh agus Scríobh', i bhfeidhm ar fud ár gcampas uile.

Tionscadal Píolótach le haghaidh Mic Léinn faoi Allaíre

Leis an gcomhthionscadal seo idir Ollscoil Luimnigh agus OT Baile Átha Cliath rinneadh iniúchadh ar dhea-chleachtas i dtaca le tacaíocht a thabhairt do mhic léinn faoi Allaíre (HoH) in Ardoideachas (HE). Díriodh ar athruithe i gcleachtas reatha maidir leis an soláthar teicneolaíochta a bhfuil fáil air don ghrúpa mac léinn HoH seo.

Is minic go dtosaíonn mic léinn atá faoi allaíre ar an Ard-Oideachas le teicneolaíochtaí as dáta agus le measúnuithe atá seanchaite. Leis an tionscadal seo, tugadh aghaidh ar riachtanais na mac léinn seo a bhuail le héisteolaí ainmnithe agus a chuir measúnú cuimsitheach éisteolaíochta i gcrích. Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe seo, mhol an t-éisteolaí teicneolaíochtaí nua (áiseanna éisteachta, srutha, micreafóin etc.) nó uasghrádaithe ar sheanteicneolaíochtaí, más gá. Chuir siad oilíúint ar fáil ar theicneolaíochtaí agus ar thacaíochtaí teicniúla nua.

Tacaíochtaí do Dhaoine faoi Allaíre



² Bunaithe ar Shonraí Dáileacháin HEA RGAM 2024



1.3 DAOINE

Áit a Chruthú don tSamhlaíocht & don Inspioráid

“Táimid tiomanta d’áit a chruthú inar breá le daoine a bheith ag obair agus ag foghlaim”

FORBAIRTÍ CAMPAIS

Soláthrófar breis is 200,000m² de spás campais nua le Máistirphlean OT Baile Átha Cliath ar na trí príomhchampas de chuid OT Baile Átha Cliath. Is é seo ceann de na forbairtí bonneagair is mó in Ardoideachas in Éirinn agus is tosaíocht é sa phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030. Tá caighdeán na timpeallachta foghlama fisiciúla agus áiseanna an champais rithábhachtach d’eispéireas an fhoghlaimora.




An tAire Paschal Donohoe T.D. agus Uachtarán OT Baile Átha Cliath Iasmuigh den Chearnóg Lárnach, Gráinseach Ghormáin, le Cumann Damhsa OT Baile Átha Cliath

Gráinseach Ghormáin

Cearnóga Thoir agus Lárnach

Lá ceiliúrtha a bhí ann i mí an Mheithimh 2023 nuair a nocht an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, Paschal Donohoe T.D. dhá fhoirgneamh shuntasacha ar champas Ghráinseach Ghormáin go hoifigiúil. Agus iad mar shainchomhartha suntasach i dtaca le huaimhian OT Baile Átha Cliath campas ollscoile ar thús cadhnaíochta i gcoilár Bhaile Átha Cliath a sholáthar, tá breis is 10,000 mac léinn agus 1,200 ball foirne sna foirgnimh anois, thar réimse disciplíní sna hábhair Ealaíon, Daonnachtaí, agus ETIF.



An Teach Íochtair - grianghraf le Aisling McCoy

Mol Acadúil agus Leabharlann Nua

Leanadh le tógáil an Mhoil Acadúil agus na Leabharlainne nuaí ar champas Ghráinseach Ghormáin go seasmhach trí 2023. Agus é deartha ag Ailtirí O’Donnell + Tuomey Architects, comhdhéantar an foirgneamh de ghnéithe tógála nua a chastar thart ar an Áras Thuaidh atá ann cheana, foirgneamh stairiúil ón 19ú haois, chun áis leabharlainne álainn nua a chruthú. Beidh staighre dealbhóireachta saincheaptha sna bloic thuaidh agus theas nua lena nasctar na hurláir agus lena spreagtar caidrimh. Chomh maith lena bhailiúchán leabharlainne, soláthrófar réimse spásanna foghlama foirmeálta agus neamhfhoirmeálta leis an 12,600m² de spás foghlama nua. Beidh réimse tacaíochtaí acadúla sa bhfoirgneamh freisin le haghaidh mic léinn lena n-áirítear Ionad Forbartha Gairme, Ionad Foghlama Matamaitice agus Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas. Meastar go dtabharfar an tógáil chun críche i dtreo dheireadh 2024 agus go mbeidh úsáid á baint as in 2025.

Mol Acadúil agus Leabharlann Nua



Forbairtí Eile

Le linn 2023, leanadh le hobair phleanála le haghaidh forbairtí ar champas Ghráinseach Ghormáin. Cuireadh iarratas pleanála nuashonraithe isteach don Chearnóg Thiar, lena soláthrófar spásanna acadúla le haghaidh mhic léinn Dhámh an Ghnó atá lonnaithe i Sráid Aungier, agus le haghaidh mic léinn eile. Seolfar tairiscint athbhreithnithe go luath in 2024.

Cuireadh an dearadh d'áis Spórt Faoi Dhíon le haghaidh Gráinseach Ghormáin ar aghaidh le linn 2023 freisin. Agus tacaíocht á fáil aige ó dheontas faoin gCiste Spórt ar Mhórsála (LSSIF), sa chéad chéim de spóirt seo beidh halla mór, ionad aclaíochta, stiúideonna, balla dreapadóireachta, chomh maith le seomra feistis agus tacaíochtaí gaolmhara.

Cuireadh an dearadh d'fhoirgneamh Taighde nua, in aice leis an nGlasbhealach, ar aghaidh. Soláthrófar cumas le haghaidh gníomhaíochtaí i Rae Camden/ Focas faoi láthair leis an áis seo chomh maith le leathnú amach anseo.



Samhlú na Cearnóige Thiar OT Baile Átha Cliath

Tamhlacht agus Baile Bhlaínséir

Ionad Spórt, Eolaíochta, Sláinte agus Fóillíochta – Tamhlacht

Osclaíodh an áis nua teagasc, taighde agus fóillíochta, ar fhoirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de (NZEB), go hoifigiúil i mí Mheán Fómhair 2023. Léirítear san ionad an t-eispéireas foghlaimora foriomlán ag OT Baile Átha Cliath, áit ina bhfreastalaíonn spásanna teagasc úrscothacha ar an staidéar foirmeálta, agus ina dtacaíonn saotharlanna atá feistithe leis na teicneolaíochtaí is déanaí le taighde agus teagasc in Eolaíocht Spóirt freisin. Chomh maith leis sin, tá fáil ar na háiseanna fóillíochta agus aclaíochta ag na mic léinn uile, cé acu más Scoláireachtaí Scoth-Lúthchleasaíochta iad nó má tá siad ag baint triail as caitheamh aimsire nua le ceann de chlubanna agus de chumainn iomadúla de chuid OT Baile Átha Cliath.



Oscailt oifigiúil an Ionaid Spóirt, Eolaíochta, Sláinte agus Fóillíochta

Tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí-Príobháideacha Ardoideachais (HEPPP)

Leanadh leis an tógáil ar dhá fhoirgneamh acadúla nua ar champais Thamhlachta agus Bhaile Bhlaínséir le linn 2023. Soláthroidh an dá fhoirgneamh leathnú ar áiseanna ginearálta teagasc chun tacú le fás sa todhchaí ar líon na mac léinn thar raon disciplíní. Tá na foirgnimh á soláthar mar chuid de phacáiste ar a dtugtar an Chomhpháirtíocht Oideachais Phoiblí Phríobháideach (HEPPP) Beart 1, arna bainistiú ag an nGníomhaireacht Airgeadais Forbartha Náisiúnta (NDFa).

- Is foirgneamhildisciplíneach 5,000m² thar cheithre urlár é an **Foirgneamh Thuaidh - Tamhlacht** lena sholáthrófar léachtlanna úrscothacha, áiseanna taighde agus printiseachta, cistineacha, bialann oiliúna agus stiúideonna dearaidh. Tá an foirgneamh lonnaithe idir an Príomhfhoirgneamh agus an Foirgneamh Spóirt a cuireadh i gcrích le déanaí, trasna ón spás pláis. Táthar ag súil go gcuirfean an foirgneamh i gcrích go luath in 2025.



Foirgneamh Thuaidh HEPPP Champas Thamhlachta á thógáil

- Is saoráid teagaisc ghinearálta 4,000m2 trí stór é **Áras Glas – Baile Bhlainséir** a bhfuil sé mar aidhm aige obair chomhoibríoch a uasmhéadú agus nuálaíocht a spreagadh. Tá an foirgneamh in aice le foirgneamh Nasc, a cuireadh i gcrích in 2019. Táthar ag súil go gcuirfear an foirgneamh seo i gcrích go déanach in 2024.

Samhlú an Fhoirgnimh Nua HEPPP ar Champas Bhaile Bhlainséir



COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ

Is iad croíluachanna OT Baile Átha Cliath Barr Feabhais, Cuimsiú, Tionchar agus Meas. In 2023, d'fhoilsigh an Ollscoil [Ráiteas Comhionannais 2023-2028](#), nua, lena dtugtar achoimre ar ár dtiomantas do chothromas rochtana agus rannpháirtíochta in oideachas, agus do chomhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, a chur chun cinn i ngach gné dár gcuid oibre.

Tá sé mar aidhm ag OT Baile Átha Cliath le bheith aitheanta mar eiseamláir comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe (EDI) mar a leagtar amach ina Rún Straitéiseach go 2030. Le cinntiú gur tosaíocht eagraíochtúil é EDI agus go neadaítear é i gcleachtais OT Baile Átha Cliath, cuimsíodh prionsabail EDI sa tSamhail Oideachais Ollscoile nua, ar tugadh a forbairt i gcrích in 2023. Tá freagracht shonrach i dtaca le EDI a chur chun feidhme ag na struchtúir Dáimh agus Scoile nua, a bunaíodh i dtreo dheireadh 2022 mar chuid d'athdhearadh struchtúr na heagraíochta. Cinntítear le próiseas dearbhaithe cáilíochta nua go dtugtar aghaidh ar ábhair inscne agus ar easnaimh chomhionannais eile le hathbhreithnithe cláir.

Is príomhghné de chlár EDI é cur i bhfeidhm an [Phlean Gníomhaíochta Athena SWAN 2022-25](#). Is creat é Athena Swan a thacaíonn le hinstitiúidí ardoideachais i dtaca le comhionannas inscne inbhuanaithe agus cultúr cuimsithe a bhaint amach. Go dtí seo, ta gradam Institiúideach Cré-Umha agus gradam Cré-Umha don Scoil Matamaitice agus Staitisticí bainte amach ag OT Baile Átha Cliath. Le linn 2023, cuireadh roinnt gníomhaíochtaí i bhfeidhm agus caomhnaíodh iad faoin bplean seo, lena n-áirítear:

1. Cothromaíocht Inscne: Chaomhnaigh OT Baile Átha Cliath íosmhéid cóimheasa de 40% baineann: 40% fireann i gcomhlachtaí ceannaireachta agus cinnteoireachta, coistí agus grúpaí oibre.
2. Próiseas Earcaíochta Cothroime a Chinntiú: Cuireadh 130 ball foirne faoi oiliúint i gClonadh Neamh-chomhfhiosach agus Labhraímis faoi Chine in 2023, rud atá éigeantach le haghaidh gach ball foirne a ghlacann páirt ar Phainéil Agallaimh.
3. Deiseanna Gairme agus Dul Chun Cinn Cothroime a bhaint amach: In 2023, shínigh an Ollscoil comhaontú ballraíochta trí bliana le AdvanceHE chun deiseanna ceannaireachta seachtracha a sholáthar d'fhostaithe ban. In 2023, ghlac ceithre bhean déag páirt i gclár forbartha ceannaireachta Aurora, atá mar chuid den chomhaontú AdvanceHE. Chomh maith leis sin, as an 421 post a líonadh mar chuid de chéim dheiridh an dearaidh eagraíochta, ba mhná 299 acu.
4. Tuarascáil ar an mBearna Phá: Foilsíodh an dara [Tuarascáil ar an mBearna Phá de chuid OT Baile Átha Cliath](#) i mí na Nollag 2023. Sainithníodh bearna phá foriomlán de 13%, cé gur lú an bhearna phá i measc acadóirí ná 5%. Is é an ghné bhunúsach taobh thiar de bhearna phá na hOllscoile ná an neamhchothroime idir fir agus mná thar chineálacha agus ghráid phoist. Ar an iomlán, is tromlach iad na mná sna gráid lena mbaineann pá níos ísle, agus is tromlach iad na fir sna gráid lena mbaineann pá níos airde. Is í an uailmhian bearna 0% a bhaint amach le himeacht ama, agus tá bearta sainaitheanta ag an Ollscoil chun aghaidh a thabhairt air seo i mbealach fócasaithe agus marthanach.



Is príomhfhócas don Ollscoil é a [Plean Gníomhaíochta chun Deireadh a Chur le Foréigean Gnéasach 2021-2024](#) (ESVH). Lean an Ollscoil le hOiliúint Idirghabhála Fianaiseacha a chur i bhfeidhm. Sa bhliain acadúil 2022/23, cuireadh líon iomlán de 86 ball foirne faoi oiliúint faoin gclár Don't Stand By - Stand Up and Speak Out. Tá sé mar aidhm ag an gclár baill foirne a chumasú le bheith in ann idirghabháil iomchuí a dhéanamh nuair a fheiceann siad foréigean agus ciapadh gnéasach nó fadhbanna eile. Ghlac 253 ball foirne sa bhreis páirt san oiliúint ar líne Toiliú Gníomhach, agus ghlac 27 bainisteoir agus baill den údarás rialaithe páirt in oiliúint chun Foréigean Gnéasach a Chosc agus Freagairt de.

Is colún tábhachtach den straitéis EDI é oideachas a chur ar ár bpobal agus eolas a thabhairt dóibh maidir le feasacht ilchultúrtha agus meon frithchiníoch. Reáchtáil an Ollscoil síniú poiblí den Prionsabail Frithchiníocha HEA le haghaidh Institiúidí Ardoideachas Éireannacha in 2023, lenar thug an institiúid tiomantas do chothromas cine a neadú mar chuid dár gcultúr agus dár gcleachtais institiúideach.

Is í OT Baile Átha Cliath ceann amháin den líon beag ollscoileanna ar domhan a chuireann sraith de chúrsaí oiliúna saincheaptha ar fáil do phobail faoi mhíbhuntáiste agus do ghrúpaí mionlaigh - daoine a bhfuil míchumas orthu, daoine óga imeallaithe agus teifigh agus an lucht iarrtha tearmainn. In 2023, soláthraíodh an [Clár Fiontraíochta le haghaidh Daoine a bhfuil Míchumas Orthu de chuid AIB agus OT Baile Átha Cliath](#) ar líne do 20 mac léinn agus bhí cúig ghnólacht nuathionscanta mar thoradh air. I gcomhar le [Open Doors](#) agus [Broadlake](#), sholáthair OT Baile Átha Cliath cúrsa [Fiontraíochta le haghaidh Teifigh, Inimircigh agus an Lucht Iarrtha Tearmainn](#). freisin. Ní raibh fáil ar an gclár seo ach ag rannpháirtithe a bhfuil stádas teifigh nó lucht iarrtha tearmainn acu. Fuarthas 168 iarratas ina leith le haghaidh 50 áit agus bhí 12 ghnólacht nuathionscanta mar thoradh air. Mar gheall ar a rath, soláthrófar an dá chlár arís in 2024.

Imeacht sínithe na bPrionsabal Cothromas Cine



Clár Fiontraíochta le haghaidh Daoine a bhfuil Míchumas Orthu de chuid OT Baile Átha Cliath agus AIB

1.4 DAOINE

A chuireann chun cinn an dúil a bheith rathúil

“Táimid tiomanta d’infheistíocht a dhéanamh i dtimpeallacht atá tacúil agus dírithe ar dhaoine”

Tá OT Baile Átha Cliath gníomhach ag iarraidh foireann ardchumais agus éagsúil a mhealladh agus a choinneáil, agus an fhoireann sin a spreagadh go barr a gcumais. Tacaíonn ár mbraistint shoiléir de chuspóir comhroinnte le baill foirne agus le mic léinn maidir le rath a bhaint amach. Le linn 2023 tugadh faoi roinnt tionscnamh lenár dtimpeallacht oibre a neartú.

Cairt na mBall Foirne leis an Eagraíocht a Threorú

Is iad luachanna OT Baile Átha Cliath Barr Feabhais, Cuimsiú, Tionchar agus Meas. Treoraíonn luachanna eagraíochta a gníomhaíochtaí, múnlaíonn siad a cultúr, agus cuireann siad compás moráltachta ar fáil. In 2023, cheadaigh OT Baile Átha Cliath cairt na mball foirne nua (Figiúr 4). Tugtar achoimre ar iompraíochtaí bunaithe inár luachanna agus ailínithe le Rún Straitéiseach 2030 OT Baile Átha Cliath i gCairt Bhaill Foirne na hOllscoile, ina ndírítear ar Dhaoine, Domhan agus Comhpháirtíocht.

Forbraíodh Tacar Cultúir chun tacú le foirne maidir le luachanna na heagraíochta a neadú thar fhoirne. Bhí an tacar comhdhéanta de Canbhás Cultúir agus de theimpléad na gCroíluachanna. Forbraíodh réimse treoirlínte freisin chun tacú le cairt na mball foirne. Cuimsíodh leo treoirlínte i dtaca le Friotal Cuimsitheach; Treoirlínte i dtaca le Béasaíocht Cruinnithe; Treoirlínte i dtaca le Béasaíocht Ríomhphoist; agus treoirlínte i dtaca le hÁit Oibre Chomhroinnte.

Figiúr 4: Luachanna OT Baile Átha Cliath

Ár Luachanna



Feabhas

Is ea spríoc OT Baile Átha Cliath. Tá muid tiomanta ár ndícheall a dhéanamh agus dacine eile a spreagadh ag barr a gcumais agus muid tiomanta d’ardchaighdeán seirbhísí, dea-chleachtas, agus feabhas leanúnach



Ionchuimsitheacht

Is ionann é agus timpeallacht a chothú in OT Baile Átha Cliath ina gcothaítear an éagsúlacht agus i ghnéitheacht agus ina gceiliúrtar iad ar son daoine aonair agus grúpaí, le go gcoruthófar spás sábháilte ina mbraitheann daoine muintearas agus nasc lena chéile.



Tionchar

Is ea an t-athrú dearfach in OT Baile Átha Cliath. Tá muid tiomanta chun ar n-iarraichtaí comhchoiteanna a dhírú ar an athrú lámbhrí agus fadtéarmach i saol daoine eile agus deiseanna a aimsiú chun dul i ngleic leis na dúshláin roimh an domhan.



Meas

Is ea aitheantas a thabhairt do luach bunaidh an duine. Tá an-mheas againn ar mhóthúcháin, riachtanais agus cearta daoine eile agus gníomhaímid le hionracas.

Ár gCairt Foirne:



Léirim Feabhas nuair a...

1. Déanaim mo dhícheall, agus nuair a thugaim tacaíocht do mo chomhghleacaithe déanamh amhlaidh
2. Éist le agus aithin smaointe nua agus deiseanna don fheabhas leanúnach
3. Tá mé freagrúil, ag freagairt nó ag admháil teachtaireachtaí ó chomhghleacaithe agus ó gheallsealbhoirí ar bhealach tráthúil
4. Tugaim faoi mo chuid oibre le meon dearfach, ag féachaint go réamhghníomhach chun fadhbanna a réiteach
5. Cothaím cumarsáid, comhoibríú agus naisc éifeachtacha
6. Roinnim eolais agus iarraidh cabhair ar dhaoine eile
7. Tugaim agus bíonn aiseolas cuiditheach uaim



Léirim Ionchuimsitheacht nuair a...

1. Cuirim fáilte roimh chultúr, féiniúlachtaí, inscne, cumais, éagsúlacht smaointe, eolais agus eispéiris.
2. Tugaim aitheantas agus luach d’ionchar gach ball foirne
3. Bim ag plé ag foghlaim ó chomhghleacaithe eile go toilteanach
4. Cothaím muintearas agus gnóthú comhchoiteann
5. Éistim ar bhealach gníomhach gan bhreithiúnas
6. Smaoinim ar leas daoine eile, ag tacú leo nuair is gá
7. Úsáidim teanga mheasúil agus ionchuimsitheach



Léirim Tionchar nuair a...

1. Taispeánaim tiomantas do chaomhnú na hoirdhreachta agus a chinntiú go n-éireoidh le OT Baile Átha Cliath amach anseo
2. Aithníim go bhfuil foghlaimeoirí ag gcoiláir na hoibre, beag beann ar mo ról san Ollscoil.
3. Déanaim machnamh ar an bpicitúr mór agus tagann mo ghníomhartha lenár spríocanna straitéiseacha
4. Pléim le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun constaicí ar an dul chun cinn a sháru
5. Tuigim go dtacaíonn mo ról le misean na hOllscoile
6. Cuirim fáilte roimh athrú agus deiseanna a easraíonn as
7. Cleachtais inbhuanaithe fhreagracha a chothú agus a leabú



Léirim Meas nuair a...

1. Caithim le gach duine go cothrom agus le dínit beag beann ar ghrád, theideal nó shaintréith
2. Léirim muinín i mo chomhghleacaithe chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh
3. Bim cúirtéiseach i mo chomhráite faoi dhaoine eile agus faoin Ollscoil
4. Déanaim cinntí le hionracas agus trédhearcacht
5. Bim freagrach as mo ghníomhartha agus as a dtionchar
6. Spreaím díghéarú ar choimhlíntí
7. Labhraím amach nuair a fheicim iompraíochtaí a thagann salach ar ár gcoilúachanna



Ár Misean:

Ag tógáil ar stair agus oidhreacht s’againne, is é ár misean ná: barr feabhais a bhaint amach sa léann foghlaimeoir-lárnach; Taighde cleachtas-bhunaithe atá dírithe ar thionchar agus rannpháirtíocht dhomhain i ndisciplíní; agus Comhchruthú teagaisc, foghlama agus taighde

Ár bhFís:

Ár bhfís uaillmhanach ná domhan níos fearr a chruthú le chéile

Samhail an Ualaigh Oibre Acadúil

Tar éis thuarascáil an OECD *Athbhreithniú ar Chosáin Ghairme, Conarthaí agus Eagrú in Ollscoil Teicneolaíochta in Éirinn*, ar chuir an Ollscoil leis in 2022, lean OT Baile Átha Cliath léi i mbun abhcóideachta ar son chreat iomlán gairme acadúla, lena n-áirítear gráid agus cosáin i dtreo Ollamh Comhlach agus Ollamh a thabhairt isteach sna blianta amach romhainn.

Idir an dá linn, d'fhorbair grúpaí comhghleacaithe ó OT Baile Átha Cliath Samhail Dáileacháin Ualaigh Oibre lena léirítear leithead na gníomhaíochta acadúla (teagasc, taighde agus rannpháirtíocht) le linn 2023 ar cheadaigh Foireann Fheidhmeannachta na hOllscoile (JET) é. Áireofar sna céad chéimeanna eile comhairliúchán le páirtithe leasmhara in 2024 chomh maith le huirlisí agus cur chuige lena chur i bhfeidhm.

Ag Glacadh le Feabhas Leanúnach

In 2023, bhunaigh OT Baile Átha Cliath foireann Feabhais Leanúnach mar chuid dá seirbhís nua Bainistíocht Athraithe. Déanann an fhoireann de thriúr ceannairí feabhsúcháin próisis meon 'Tanaí' a chur chun cinn ar fud na hOllscoile, lena gcuimsítear deiseanna lenár bpróisis a shimpliú agus a bharrfheabhsú a shainaitint, feabhas a chur ar éifeachtúlacht ár n-oibríochtaí agus

cabhair a thabhairt d'fhoirne maidir le luach a sholáthar dár n-eagraíocht. Tá an cur chuige seo ríthábhachtach dár n-aistear leanúnach mar OT Baile Átha Cliath, ag comhordú na mbealaí oibre ónar n-institiúidí oidhreachta agus leas a bhaint as saineolas ár ndaoine lenár bpróisis a dhearadh agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach. In 2023 chuir an fhoireann tús le foghlaim theagmhálach a sholáthar trí cheardlanna agus tionscadail, agus in 2024 méadóidh siad an oiliúint a sholáthar i gcur chuige feabhais leanúnach ar fud na hOllscoile mar chuid d'fheasacht a ardú agus cultúr 'Tanaí' a chothú

Creat Forbartha Gairme an Taighdeora

Tá ról lárnach ag taighdeoirí maidir le straitéis taighde agus nuálaíochta OT Baile Átha Cliath a sholáthar agus ionchur suntasach a bheith acu i dtaca le cultúr taighde dearfach a bhunú laistigh den Ollscoil. Sa chomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta reatha, soláthrófar na huirlisí agus an struchtúr le Creat Forbartha Gairme an Taighdeora OT Baile Átha Cliath a theastaíonn ó thaighdeoirí le go mbeidh rath orthu ina ról agus le go bhforbróidh siad na scileanna a chabhróidh leo a spriocanna agus a n-uaimhianta gairme a bhaint amach. Tacóidh an creat leis an bpobal taighde in OT Baile Átha Cliath chun scileanna inaistrithe a fhorbairt, le tabhairt faoi phleanáil forbartha gairme agus cur i gcrích chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar réimse deiseanna gairme.



Dr Brendan Jennings agus Dr Catarina de Moura Pinto Marvão ág Gradaim Taighde & Nuálaíochta OT Baile Átha Cliath.

Éachtaí na mBall Foirne 2023

de réir na tuarascála is déanaí ar Thaighdeoirí a Luadh Go Minic, a chuir Clarivate Analytics le chéile. Tá an Dr Jaiswal i measc beagnach 7,000 taighdeoir ó 67 tír agus réigiún a sainathnódh sa liosta ó 2023 mar gheall ar an tionchar is suntasaí a bheith léirithe acu ina réimsí roghnaithe le linn na deich mbliana seo a chuaigh thart. Tá sé ar dhuine de 37 taighdeoir Éireannacha, agus an t-aon duine ó Earnáil na Teicneolaíochta in Éirinn a liostáladh.

Is léachtóir i dTeicneolaíocht Bia agus Bith-Theicneolaíocht Tionsclaíoch ag Scoil na hEolaíochta Bia agus na Sláinte Comhshaoil é an Dr Jaiswal, ar céimí PhD é ó OT Baile Átha Cliath. Tá sé ina chomhordaitheoir ar an gclár MSc i mBainistíocht Sábháilteachta Bia Inbhuanaithe freisin.



Gradam Matamaitice Lawson-Croft Buaithe ag Léachtóir Matamaitice

Dr Amit Jaiswal

Bronnadh an Gradam Lawson-Croft ar Shuntasach i dTacaíocht Matamaitice agus Staitisticí ar Ciarán O'Sullivan, léachtóir i Scoil na Matamaitice agus Staitisticí. Aithnítear ball den phobal matamaitice agus staitisticí leis an Duais Lawson-Croft as a n-éacht shuntasach agus barr feabhais thar thréimhse leanúnach. I gcás Chiaráin, ba é seo a ionchur suntasach do thacaíocht matamaitice agus staitisticí lena n-áirítear a ról cheannaireachta san IMLSN agus a chuid oibre ag comhordú an tionscadail Ionaid Foghlama Matamaitice AIB i measc rudaí eile.



Gradam Lawson Croft buaithe ag Ciarán O'Sullivan

An tOllamh Clíona Doris ceaptha chuig Bord an Cheolárais Náisiúnta


Ceapadh an tOllamh Clíona Doris, Léachtóir Sinsearach ag [Conservatoire OT Baile Átha Cliath](#), chuig bord an Cheolárais Náisiúnta ar feadh téarma cúig bliana. Tá taithí fhairsing ag an Ollamh Doris le roinnt eagraíocht ceoil náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta leis an World Harp Congress. Áirítear lena taithí cheolfhoirne a ról roimhe seo mar Cheann Léann na Ceolfhoirne ag Conservatoire OT Baile Átha Cliath.



An tOllamh Clíona Doris

Comórtas Maireachtála i Lár an Bhaile Buaithe ag Léachtóirí

As an gceithre iontráil a bhuaigh i gComórtas Maireachtála i Lár an Bhaile, ba ó OT Baile Átha Cliath trí cinn acu. Spreagadh ailtirí agus foirne dearaidh leis an gcomórtas dearaidh ailtireachta chun dearáí nuálacha a fhorbairt le haghaidh tionscadail tithíochta sóisialta i lár bailte, arna tacú ag an bpolasaí Tús Áite do Lár an Bhaile. Ba de chuid léachtóirí Tógála agus Comhshaoil ó Scoil Ailtireachta OT Baile Átha Cliath, - Dominic Stevens, Dermot Boyd, Cian Deegan agus Alice Casey na trí iontráil a bhuaigh.



Dearadh buaitheach ó Chomórtas Maireachtála Lár an Bhaile RIAI

Léachtóir Mínealaíne Ainmnithe ar an nGearrliosta le haghaidh Duais an Golden Fleece 2023

Ainmníodh Barbara Knežević, Léachtóir Cúnta i Scoil na Mínealaíne agus Dearaidh, ar an ngearrliosta le haghaidh duais an Golden Fleece 2023. Leis an duais seo, cuirtear an deis ar fáil d'ealaíontóirí a dtallann a fhorbairt mar nach minic go dtagann ioncam seasmhach le saol an ealaíontóra. Bhí €35,000 i nduaischiste na bliana 2023, rud a chiallaíonn gurb é Duais an Golden Fleece an duais ealaíona is faithiúla atá oscailte d'amharc-ealaíontóirí agus do cheardaithe arson.

Moltóir Home of the Year

Bhí Amanda Bone, Oide Stiúideo Dearaidh agus Cleachtais Phroifisiúnta ag Scoil Ailtireachta Bhaile Átha Cliath ar ais i mbun moltóireachta ar shraith na bliana 2023 de RTÉ Home of the Year. D'oibrigh an t-aitire, a bhfuil roinnt gradam buaite aici i bPáras, i Nua Eabhrac agus i mBaile Átha Cliath sular bhunaigh sí Amanda Bone Architects, gnólachta ailtireachta a bhfuil roinnt mhaith gradam buaite aige. Déanann Amanda sainchúram de thithe aon uaire ó chinn chomhaimseartha a tógadh as an nua go hathchóirithe ar struchtúir faoi chosaint. Ba é seo an tríú bliain go raibh Amanda mar mholtóir ar an tsraith.

Saothair cruthaitheacha de chuid Barbara Knežević ainmnithe ar an ngearrliosta le haghaidh Duais an Golden Fleece 2023



Amanda Bone ó OT Baile Átha Cliath ar RTÉ Home of the Year 2023




1.5 DAOINE

Ag Ceiliúradh ár nAmbasadóirí


“Táimid tiomanta
d’aitheantas a thabhairt dár
nAlumni, cibé cúlra
atá acu”

Ba chúis bhróid do OT Baile Átha Cliath gur bhronn sí céim ar bheagnach 7,500 mac léinn in 2023, thar na réimsí staidéir uile ó Ghnó go na hEalaíona agus Daonnachtaí. Is muid an soláthróir céimí Gnó agus ETIM is mó in Éirinn, le 2,175 agus 3,205 céimí faoi seach, ag dul isteach sa lucht saothair. Dearbhaítear le torthaí na Suirbhé Fostaíochta Céimithe HEA go ndeachaigh 92.1% de chéimithe OT Baile Átha Cliath ar aghaidh go fostaíocht nó go hoideachas breise taobh istigh de bhliain amhain ó bhain siad céim amach. Bíonn céimithe réidh don tionscal, agus taithí acu ar chumasc de theoiric, comhoibriú agus cur i bhfeidhm praiticiúil.

Figiúr 5: Céimithe OT Baile Átha Cliath le ISCED 2021/22



Searmanas Bronnta
Céimeanna 2023



Imeachtaí Alumni Chicago agus San Francisco

I mí na Bealtaine 2023, bhí ríméad ar an Uachtarán agus ar Oifig Alumni cuairt a thabhairt ar Chicago agus San Francisco chun céimithe agus cuairteoirí a óstáil ag imeachtaí Alumni sa dá chathair. Is céim straitéiseach é láithreacht a bhunú sna Stáit Aontaithe chun dul i bhfeidhm agus tionchar phobal chéimithe OT Baile Átha Cliath a mhéadú. Is mol nuálaíochta, fiontraíochta, agus tionscail éagsúla é na Stáit Aontaithe. Lena láithreacht a bhunú ansin, is féidir le halumni leas a bhaint as líonra fairsing de ghairmithe, meantóirí féideartha agus deiseanna fostaíochta. Tar éis an dá imeachta, thacaigh Oifig Alumni le halumni a raibh spéis acu ann chun líonraí áitiúla a bhunú, agus tagann líonraí alumni Chicago agus San Francisco araon le chéile ar bhonn rialta anois.



Imeachtaí Alumni Chicago agus San Francisco



Teacht le Chéile 50 Bliain - Céimithe 1973

Bhí ríméad orainn fáilte a chur roimh chéimithe ó chúrsa Eolaíochta Saotharlainne 1973 chuig campas Ghráinseach Ghormáin le haghaidh teacht le chéile i mí Dheireadh Fómhair 2023. Cuireadh deis ar leith ar fáil do na céimithe seo leis an teacht le chéile seo chun ceangail arís, le dul siar ar bhóithrín na smaointe faoin am a chaitheadar ag obair in eolaíocht saotharlainne agus le machnamh a dhéanamh ar fhorbairt a ngairmeacha faoi seach. Bhí fáiltiú ann, tar éis chuairt ar na saotharlanna inár gCearnóg Lárnach.



Teacht le Chéile na gCéimithe 1973

Éachtaí na gCéimithe 2023

Duais Teicneolaí Ailtireachta na Bliana buaite ag Craig O'Halloran

Bronnadh duais Teicneolaí Ailtireachta Cairte na Bliana 2023 ar Craig O'Halloran. Roimhe seo, fuair Craig comhaltacht leis an American Chartered Institute of Architectural Technologists in 2021 as ionchur suntasach do, agus barr feabhais i dTeicneolaíocht Ailtireachta.

Chuir Craig a chuid staidéir i gcrích ar an B.Sc. Teicneolaíocht Ailtireachta le gradam (1.1) in 2011 tráth a raibh sé mar ionadaí ranga freisin agus ball coiste de Chumann Teicneolaíochta Ailtireachta na Mac Léinn.



Gradam Teicneolaí Ailtireachta Cairte na Bliana á bhronnadh ar Craig O'Halloran

Cócaire na Bliana Aramark Éireann Buaite ag Cócaire Stórais Guinness

Fógraíodh Cócaire Feidhmeannach Sean Hunter, céimí de chuid OT Baile Átha Cliath agus lonnaithe i Stórais Guinness, mar Chócaire na Bliana 2024 Aramark Éireann. Tá sé incháilithe anois chun ionadaíocht a dhéanamh ar Aramark Éireann ag Corn Idirnáisiúnta na gCócairí Aramark tar éis dó an babhta ceannais a bhuachan i mí na Samhna 2023. Sa chomórtas bliantúil, ina dtaispeántar tallann iontach na gcócairí ar fud Aramark Éireann, chuaigh naonúr saineolaithe cócaireachta in iomaíocht lena chéile trí shraith dúshlán cócaireachta.



Cócaire na Bliana Aramark Éireann buaite ag Cócaire Feidhmeannach Sean Hunter

Isabelle Gallagher Fógartha mar Cheann Forbartha le haghaidh Quintain Ireland

Fógraíodh Isabelle Gallagher mar Cheann Forbartha nua ag Quintain Ireland. Chuir Isabelle tús lena cuid staidéir in OT Baile Átha Cliath. in B.S.c. Bainistíochta Miondíola agus Seirbhísí agus d'fhill sí lena MBA a chur i gcrích in 2013 le céadonóracha. Clúdaíonn a gairm iomráiteach fiche bliain agus cuimsítear leis seal ag obair mar Stiúrthóir Forbartha ag Quintain, mar ar chabhraigh sí leis an eagraíocht le bheith ar an tógálaí tithe príobháideacha is mó in Éirinn.



Isabelle Gallagher Ceann Forbartha le haghaidh Quintain Ireland

Bonn Airgid Domhanda faighte ag Ellen Keane i Manchain

Fuair Ellen Keane, céimí de chuid OT Baile Átha Cliath a tríú bonn ar an oíche dheireanach den Chraobhchomórtas Snámha Para i Manchain i mí Lúnasa 2023. Gnóthaigh curadh Thóiceo 2020 sí bonn airgid Domhanda sa Bhabhta Ceannais den Snámh Brollaigh 100 SB8 le ham de 1:21.43. Bhain an snámhaí NAC an balla amach 1.42 soicind tar éis bhuaiteoir an bhoinn óir. Dhearbhaigh toradh Keane go mbeidh áit ag Foireann na hÉireann ag na Cluichí Parailimpeacha i bPáras in 2024. Bhain Ellen céim i bhFiontraíocht Chócaireachta amach in 2020 agus ba rannpháirtí í i gClár Tacaíochta na Lúthchleasaithe ó 2014 go 2020.



Buann Ellen Keane bonn Airgid ag na Craobhchomórtais Snámha Para

Iniúchadh Déanta ag Iriseoir faoin gCaoi a bhfuil an tAm amach romhainn á mhúnlú ag IS

Rinne Anne-Marie Tomchak iniúchadh ar an gcaoi a bhfuil an t-eispéireas daonna á athrú ó bhonn ag IS i gclár faisnéise nua 'Game Changer: AI and You' a thaispeáin RTÉ agus a rinneadh i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Seachtain na hEolaíochta. In 2014, ainmníodh í le haghaidh Ghradam an Acadaimh Raidió tar éis di scéal a bhriseadh faoi dhruaigí mídhleathacha a bheith á 'dtairiscint' ar

Iniúchadh déanta ag Anne-Marie Tomchak ar an gcaoi ina bhfuil an t-eispéireas daonna á athrú ag IS



Instagram, ónar eascair athrú ar bheartas an ardáin as. Baineann sí úsáid as na meáin shóisialta chun scéalta a aimsiú, a fhorbairt agus a bhriseadh agus cuireann sí cleachtais iriseoireachta agus uirlisí anailísíochta traidisiúnta i bhfeidhm le tuairisciú ar na fóirseálta taobh thiar de na treocheaí. Bhain Anne-Marie céim chéadonóracha amach ó B.Sc. Cumarsáide (Scannánaíocht agus Craoltóireacht) in 2004.

Gradam Pearsa na Bliana Chontae Chiarraí Buaite ag Katie Hannon 2023

Roghnaíodh an t-iriseoir ó RTÉ Katie Hannon mar Phearsa na Bliana Chontae Chiarraí 2023. Tugann an gradam aitheantas do dhuine a bhfuil ceannaireacht léirithe aige/aici, a thug onóir don chontae, agus a bhfuil a c(h)ion is tuilleadh déanta acu don chontae. Ar an oíche, rinneadh tagairt shonrach d'obair Katie i dtaca le líomhaintí maidir le hionsaí gnéasach in éadan ban i bhFórsaí Cosanta na hÉireann a nochtadh ar chlár dar teideal Women of Honour in 2021. Bhain Katie céim Baitsiléara Ealaíon amach ag OT Baile Átha Cliath in 2009.



Gradam Pearsa na Bliana Chontae Chiarraí Buaite ag Katie Hannon



An Pláinéad

Ár nUaillmhian...

Beimid inár lárionad cumhachta don inbhuanaitheacht agus aghaidh á tabhairt againn ar na dúshláin atá os comhair an domhain agus beidh tionchar dearfach againn ar an bpláinéad agus ar dhaoine, agus beidh ‘oideachas’ mar inneall againn. Déanfaimid é seo trí:

- » **Bheith inár n-Eiseamláir don Inbhuanaitheacht**
- » **Saoránaigh Dhomhanda Fhreagracha a Chruthú**
- » **Dul i ngleic le Dúshláin Dhomhanda**

2.1 DOMHAN

Bheith inár nEiseamláir don Inbhuanaitheacht

“Táimid tiomanta ar aird an phobail a tharraingt ar an inbhuanaitheacht agus ar a dtuiscint fúithi”

Agus muid ag clochlú le bheith ar cheann de na hollscoileanna is inbhuanaithe ar domhan, tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag OT Baile Átha Cliath mar cheannaire agus mar ghuth ar son na hinbhuanaitheachta agus don ghníomhú ar son na haeráide, le slí maireachtála nua á cur chun cinn lena gcosnaítear ár bpláinéad do na glúnta amach romhainn. Déanaimid abhcóideacht ar son na hinbhuanaitheachta agus cuirimid é chun cinn tríd ár gcleachtais acadúla, taighde, oibríochtúla agus rannpháirtíochta, lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochoaíochta i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus domhanda.

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

In 2023, d’fhoilsigh OT Baile Átha Cliath a céad [Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide](#) i mí an Mhárta, a nuashonraíodh ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair, mar a shainordaigh an Rialtas. Tugtar achoimre sa phlean ar fhreagairt na hOllscoile dár dtionchar comhshaoil a laghdú, dár n-eolas agus scileanna a mhéadú agus do réitigh a fhorbairt chun athrú aeráide a mhaolú. Tá gealltanais tugtha ag OT Baile Átha Cliath le go mbeidh sí go hiomlán dícharbónaithe thar astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 faoi 2040. Ó 2006 i leith, tá sonraí curtha ar fáil ag OT Baile Átha Cliath, in éineacht leis na comhlachtaí poiblí uile in Éirinn, d’ardán Faireacháin agus Tuairiscithe (M&R) Údaráis Fuinnimh In-athnuaite na hÉireann, uirlis a bhaintear úsáid as lena méadracha bonnlíne a shainaithint le haghaidh astaíochtaí carbóin agus éifeachtúlacht fuinnimh aron.

Is iad astaíochtaí bonnlíne OT Baile Átha Cliath faoi láthair ná 9,971 tCO₂e agus leis seo, leagtar ár sprioc le haghaidh 3,306 tCO₂e faoi 2030. Léirítear leis an nuashonrú seo don Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an tuairisciú is déanaí don uirlis tuairiscithe SEAI M&R lena gcuirtear in iúl go bhfuil astaíochtaí GHG OT Baile Átha Cliath méadaithe ó 9,496 tCO₂e in 2021 go 10,895 tCO₂e in 2022. Níor áiríodh le figiúirí astaíochtaí tuairiscithe 2021 an úsáid fuinnimh a bhaineann leis an dá fhoirgneamh is nuaí ar champas Ghráinseach Ghormáin, an Chearnóg Lárnach, agus an Chearnóg Thoir. Tá an

t-easnamh sin athruithe ag an tréimhse tuairiscithe reatha. Bhí ann d’obair shuntasach ó foilsíodh an chéad Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide le cinntiú go léirítear le foirgnimh agus le méadair a tuairiscítear don uirlis tuairiscithe an stoc foirgneamh reatha ó tháinig na trí institiúid fondúireachta isteach i struchtúr nua na hOllscoile.

Leagtar amach bealaí i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide OT Baile Átha Cliath chun GHGanna a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú chomh maith le bearta eile lena spriocanna a bhaint amach le haghaidh 2030 agus 2050. Le rannpháirtíocht, oiliúint, agus infheistíocht iomchuí, cuirfidh an Ollscoil laghdú tapa ar a tionchar comhshaoil i gcomhréir le polasaí an rialtais agus uailmhianta na hOllscoile.



Tuairisciú Sainordaithe na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

Ceanglaítear leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide ar chomhlachtaí poiblí eolas bliantúil a thuairisciú ar cheithre phríomhréimse a thugtar achoimre orthu i dTábla 1. Tá tuilleadh faisnéise mionsonraithe ar fáil i [bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide OT Baile Átha Cliath](#).

Tábla 1: Tuairisciú na Mandáide Náisiúnta OT Baile Átha Cliath

Réimse Tuairiscithe	Plean Ghníomhaithe ar son na hAeráide
Astaíochtaí GHG	Leathanach 13, Alt 1.2b - Ár Spriocanna
Cur i bhfeidhm na Mandáide	Leathanaigh 11-17, Alt 1.2b - Léargas Seachadta
Gníomhaíochtaí Inbhuanaithe	Leathanaigh 14-15, Alt 1.2b - Ár mBealach Oibre
Comhlíontacht le Ciorclán 1/2020: Nósanna imeachta chun astaíochtaí a bhaineann le Taisteal Aeir a chúiteamh	Leathanach 16, Alt 1.2b - Ar mBealach Oibre

Gradam an Bhrait Ghlais

Rinne Coiste an Champais Ghlais ceiliúradh ar gnóthú an Bhrait Ghlais iomráiteach i mí na Nollag 2023. Is í OT Baile Átha Cliath an chéad Ollscoil ilchampais in Éirinn ar bhronn clár an Bhrait Ghlais de chuid an Taisce an Brat Glas iomráiteach uirthi faoi aon iarratas amháin le haghaidh na suíomhanna campais uile. Ba chlochmhíle straitéiseach don Ollscoil é creidiúnú an Bhrait Ghlais a bhaint amach.

Le linn timthriall trí bliana an Champais Ghlais, chuir Coiste an Champais Ghlais, i gcomhar leis an bhfoireann Ghlas agus níos mó ná 50 comhpháirtí seachtracha, gníomhaíocht chomhshaoil ar an gcampas chun cinn faoi na mórthéamaí, Bruscar agus Dramhaíl, agus na miontéarmaí, Taisteal agus Iompar agus Bithéagsúlacht. Chomh maith le cultúr d'iompar báúil don chomhshaoil a chothú, cuireadh dúshlán ar an gcoiste tabhairt faoi athbhreithniú comhshaoil ar fud chúig shuíomh éagsúla, le 185 acra de thailte an champais agus 204,300 m² de lóistín in 47 foirgneamh. Tá ríméad ar OT Baile Átha Cliath a bheith luaite i measc an iliomad campas ar fud na tíre a bhfuil an Brat Glas ar foluain acu cheana féin.



Cuireann OT Baile Átha Cliath a Brat Glas in airde

TU Dublin Green-Campus Key Achievements Green Flag Application 2023



33 mac léinn
71 ball coiste foirne thar
5 champas



170míle - LinkedIn
24.4míle - Twitter
20.5míle - Instagram



Nuachtlitir mhíosúil
29míle mac léinn
3.5míle ball foirne



50+ comhpháirtí
rannpháirtíochta
seachtracha



3000 buidéal
phlaisteacha sábháilte
ó thobar uisce amháin
ar champas
Ghráinseach Ghormáin



mar aidhm againn 401
tCO₂e a shábháil ó
phainéal gréine
fótavoltach



chuir oibrithe
deonacha
1575 crann



Fuarthas 1
deimhniú
saotharlainne
glas. 8 ar siúl



an chéad ghréasán
téimh ceantair
in-athnuaite in Éirinn
ar champas
Thamlachta



taiscéaláíocht
gheoiteirmeach ag dhá
champas



taistealaíonn 89% de
mhic léinn agus 56% den
fhoireann trí mhodhanna
inbhuanaithe



Tá os cionn 2200 spás rothar
agus cithfholcadh ag gach
campas i mBaile Átha Cliath



coistí oideachais
inbhuanaitheachta ar fud trí
dhámh



sruthanna dramhaíola
leithscartha ag
gach suíomh campais



gníomhaíochtaí ar feadh na bliana.
50 imeacht ar an meán in
aghaidh na míosa

Féidearthachtaí as Cuimse
Infinite Possibilities

#TUDublinGreenCampus



Rath i Ranguithe Tionchair Ollscoile SDG

Is iad Ranguithe Tionchair Ardoideachais an Times na haon táblaí feidhmíochta lena ndéantar measúnú ar ollscoileanna in éadan Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe. In 2023, bhí OT Baile Átha Cliath i measc na 100 ollscoil sna Ranguithe Tionchair SDG le haghaidh trí chatagóir: SDG11 Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe (33ú); SDG1 Gan Bochtaineacht (83ú); agus SDG13 Gníomhú ar son na hAeráide (87ú). I measc Institiúidí Ardoideachais Éireannacha, bhí OT Baile Átha Cliath sa dara háit faoi dhá SDGanna: SDG 13 Gníomhú ar son na hAeráide agus SDG11 Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe. Léirítear leis an rath seo sna ranguithe SDG agus ar tháscairí eile, an chaoi a bhfuil uaimhian straitéiseach na hOllscoile á baint amach aici le bheith 'Inár nEiseamláir don Inbhuanaitheacht'.

Imeachtaí Inbhuanaitheachta

D'óstáil OT Baile Átha Cliath breis is 200 imeacht inbhuanaitheachta in 2023, agus tabharfar achoimre ar chuid acu i dTábla 2.

Seoladh GLAS @ Gairdíní Pobail OT
Baile Átha Cliath



Tábla 2: Samplaí d'Imeachtaí Inbhuanaitheachta OT Baile Átha Cliath 2023

Ollimeachtaí a Óstáladh	Buaicphointí
Imeacht Painéil an Aontais Eorpaigh REPower de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (March)	D'óstáil OT Baile Átha Cliath pléphainéal hibrideach ar son Thoscaireacht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn. Dhírigh an plé ar na dúshlán i dtaca le cuspóirí dícharbónaithe 2030 agus 2050 a bhaint amach, agus an chaoi ar féidir aghaidh a thabhairt orthu ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal an Aontais Eorpaigh.
An tSeachtain Ghlas (Márta)	Is ceiliúradh bliantúil í an tSeachtain Ghlas ar nuálaíocht agus comhpháirtíochtaí, deis le dul i mbun díospóireachta faoi smaointe agus saotharlann bheo le haghaidh inbhuanaitheacht chomhshaoil a thaispeáint. I measc na n-imeachtaí bhí: <ul style="list-style-type: none"> » Comórtas BÁCála Veigeánach » IS lena nÉascaítear Neodracht » Imeacht Malartaithe Éadaigh agus Caifé » Seomra Éalaithe i dtaca le Litearthacht Inbhuanaithe » Féach ar an sceideal iomlán
Gairdíní Pobail (Bealtaine)	D'oscail Méara Fhine Gall, Howard Mahony, an GLAS nua @ Gairdín Pobail OT Baile Átha Cliath ar champas Bhaile Bhlaínséir. Cuireann an gairdín spás ar fáil do ghrúpaí phobail agus scoileanna áitiúla chun táirgí úra a fhás, le hathcheangail leis an nádúr, agus chun braistint pobail níos láidre a chothú.
ClimateLaunchpad (Meitheamh)	Is é ClimateLaunchpad an comórtas smaoinimh i dtaca le gnólacht glas is mó ar domhan, le breis is 50 tír ag glacadh páirte. Bhí an comórtas oscailte d'aon duine a raibh smaoinimh luathchéim i dtaca le gnólacht glas acu, beag beann ar chúlra, taithí nó earnáil.
Mic Léinn Innealtóireachta ag Dul i nGleic le Tomhaltas agus Cleachtais Déantúsaíochta Neamh-Inbhuanaithe (Iúil)	Ghlac mic léinn ó OT Baile Átha Cliath agus Ollscoil Uladh páirt i scoil samhraidh phiolótach 5 lá a dearadh lena bhfeistiú leis na scileanna proifisiúnta a bhfuil gá leo chun patrúin tomhaltas agus déantúsaíochta neamh-inbhuanaithe a chosc. Chruthaigh na mic léinn a ghlac páirt táirge ag baint úsáide as prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus dhírigh siad ar inbhuanaitheacht i soghluaisteacht agus iompar, lena bhfuil siad faoi phróisis déantúsaíochta nua i dtaca le haerostructúir le haghaidh aerárthaí tráchtála.
Seachtain Ghníomhaithe ar son na hAeráide (Deireadh Fómhair)	Reáchtáladh roinnt mhaith imeachtaí agus deiseanna foghlama ar an gcampas le haghaidh mic léinn, baill foirne, agus an pobal níos leithne ar mhaithe le clár na NA SDG a chur chun cinn ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, le béim ar leith ar SDG 13 Gníomhú ar son na hAeráide. I measc na n-imeachtaí bhí: <ul style="list-style-type: none"> » Ceardlann na hAeráide Úire le foghlaim faoin eolaíocht taobh thiar den athrú aeráide » Glanadh Bruscair Am Lóin » Clinic Deisithe Rothair » Féach ar an sceideal iomlán
Walktober (Deireadh Fómhair)	Is dúshlán siúlóide bliantúil de chuid Taisteal Níos Cliste é Walktober. Spreagann OT Baile Átha Cliath mic léinn agus baill foirne a dturas chun oibre agus ar fud na hoibre a dhéanamh ag baint úsáide as modhanna taistil inbhuanaithe agus gníomhacha nuair is féidir. Bhí idir triúr agus seisear sna grúpaí a ghlac páirt. Thóg foireann bhuaiteach OT Baile Átha Cliath 350,000 coiscéim ar an meán le linn na tréimhse.
Dúshlán Inbhuanaitheachta Nuálaíochta (Samhain)	Ghlac 14 foireann páirt sa dara Dúshlán Inbhuanaitheachta Nuálaíochta an Uachtaráin. Dhírigh an haiceatón dhá lá ar dhúshlán an mhearfhaisin. Bhuaigh na buaiteoirí duais €1,000.
Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe (Nollaig)	Tá OT Baile Átha Cliath chun an t-ochtú Fóram Náisiúnta ar Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe a óstáil. Dhírigh an fóram ar SDG 4 Oideachas d'Ardchaighdeán - a bhfuil sé de chuspóir aige go mbeidh an t-eolas agus na scileanna ag gach foghlaimoir faoi 2030 chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Bhí dhá ranna aireachta i láthair.



Dara Dúshlán Inbhuanaitheachta Nuálaíochta an Uachtaráin

Cás-Staidéar maidir le bheith inár nEiseamláir don Inbhuanaitheacht


I mí Mheán Fómhair, bhronn an HEA €1 milliún i Maoiniú Feidhmíochta ar OT Baile Átha Cliath mar aitheantas ar a feidhmíocht iontach i dtaca le réitigh fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus a dtionchar ar fud na sochaí. D'oibrigh an Ollscoil le comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha chun dhá ollthionscnamh dícharbónaithe a sholáthar - líonra téimh ceantair ar champas Thamhlachta agus córas téimh geoiteirmeach domhaintolladh ar champas Ghráinseach Ghormáin. Tá sé mar aidhm ag na tionscnaimh sin íosmhéid de 70% téamh in-athnuaite a ghiniúint ar an láthair faoi 2030.

Le trí bliana anuas, tá acmhainní tiomanta ag OT Baile Átha Cliath, tríd ár ndaoine agus na campais a bhfuil úinéireacht againn orthu agus a bhfuil muid á bhfeidhmiú a úsáid, chun infheistiú a dhéanamh i réitigh nuálacha lena dtugtar teicneolaíochtaí de bhonneagar téimh

ceantair le chéile, faoi bhun ár dtírdhreacha campais agus foirgnimh, agus na cumais atá ag tolladh domhain agus tolladh éadomhain i dtaca le téamh in-athnuaite geoiteirmeach. Tá seo déanta ag an Ollscoil i ndlúth-chomhpháirtíocht le roinnt eagraíochtaí lena n-áirítear Suirbhé Geografach Éireann (GSI), Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, Heatworks agus ár n-údaráis áitiúla. Meastar sa chéad chéim seo de sheachadadh Líonra Téimh Cheantar Thamhlachta go mbeidh an laghdú astuithe carbóin i gceantar Thamhlachta os cionn 1,500 tonna de choibhéis CO₂ in aghaidh na bliana. Is ionann na sábhálacha astaíochtaí carbóin ar champas Thamhlachta OT Baile Átha Cliath agus laghdú thart ar 400 tonna de CO₂e in aghaidh na bliana.

Is eiseamláir é tionscadal Thamhlachta ar féidir a mhacasamhal a dhéanamh ar bhonn náisiúnta ag baint úsáide as teas dramhaíola (ionaid bunachair sonraí, próiseas tionsclaíoch agus dramhaíl go fuinneamh). Tá sé de chumas ag na hiniúchtaí geoiteirmeacha agus forbairt tionscadail ar champas Ghráinseach Ghormáin cumas fuinneamh geoiteirmeach domhain (2-4 ciliméadar) a léiriú, teicneolaíocht atá bunaithe le fada ach nár baineadh mórán úsáide as in Éirinn go dtí seo. Ar an tionscadal fuinnimh geoiteirmeach, táimid ag leanúint linn ag obair go dlúth le GSI a bhfuil an dara tobar triallach a dhruileáil acu ar champas Thamhlachta.

Tá na tionscadail seo mar chuid de phunann réitigh níos leithne lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí níos leithne a bhaineann lenár spriocanna ghníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach. Leis an gcur chuige seo, laghdaítear gá na hOllscoile le brath ar ghlasú eangáil leictreachais na tíre amháin nó ar réitigh fuinnimh in-athnuaite ar mhórcála mórmhargaidh a chur i bhfeidhm.



Córas Téimh Cheantar Thamhlachta ag OT Baile Átha Cliath

2.2 DOMHAN

Saoránaigh Dhomhanda Fhreagracha a Chruthú

“Táimid tiomanta don fhoghlaim agus don chruthú faisnéise a éascú, agus uaillmhian i leith inbhuanaitheachta agus dúil inti á gcothú againn”

Tá an inbhuanaitheacht mar bhonn agus mar thaca ag Rún Straitéiseach OT Baile Átha Cliath 2030 trí ailíniú le cuspóirí agus tréimhse ama Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna) 2030, ar a dtugtar an Clár Oibre Dhomhanda freisin. Éilíonn sé seo inbhuanaitheacht a leabú inár ngníomhaíochtaí trí chur chuige na hinstiúide ina hiomláine. Tá an Ollscoil tiomanta maidir le ‘Saoránaigh Dhomhanda Fhreagracha a Chruthú’ a ndéantar cur síos orthu mar ‘ghlúin nua de chéimithe OT Baile Átha Cliath atá i gceannas ar an gclár oibre inbhuanaitheachta le paisean agus cuspóir’.

Is é sprioc ár bPlean Straitéiseach ná go mbeidh gach ball foirne agus mac léinn tar éis dul i mbun oideachas agus oiliúint inbhuanaitheachta faoi 2028, agus go mbainfear amach rátáil Ollscoile ón [gCóras Rianaithe agus Measúnaithe Inbhuanaitheachta \(STARS\)](#) de chuid an Chumainn um Fheabhsú Inbhuanaitheachta san Ardoideachas (AASHE) faoi 2027.

Chun inbhuanaitheacht a leabú trí chur chuige uile-instiúide, tá Creat Oideachais Inbhuanaitheachta OT Baile Átha Cliath (SEF) forbartha againn a sholáthraíonn ailíniú straitéiseach trí chur chuige il-leibhéil chun an fhís seo a chur chun cinn agus beartas an rialtais a chur i bhfeidhm. Dréachtaíodh ár SEF in 2023. Soláthraíonn sé an tacaíocht uileghabhálach do chur chuige uile-instiúide maidir le hinbhuanaitheacht a leabú sa churaclam, ag aithint go n-athraíonn leibhéil aibíochta an oideachais inbhuanaitheachta ar fud na heagraíochta.

Ag Ceangal Na Bponcanna: ag Cruthú Tionchar Theagasc agus Fo



Sheol OT Baile Átha Cliath a Tacar Oideachais Inbhuanaitheachta ag an imeacht Ceangal na bPoncanna





Córas Rianaithe agus Measúnaithe Inbhuanaitheachta (STARS)

Tá OT Baile Átha Cliath ag obair i dtreo [STARS](#), a úsáid, creat trédhearcach, féin-thuairiscithe do choláistí agus d'ollscoileanna chun a bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta a thomhas. Is uirlis thagarmharcála ar fud an domhain í agus thuill thart ar 600 institiúid rátáil STARS. Cuireann an próiseas tuairiscithe STARS ar chumas institiúidí bonnlíne a chruthú le haghaidh feabhsú leanúnach. Mar chuid den chlaochlú go hollscoil amháin, d'fhorbair OT Baile Átha Cliath Catalóg chomhtháite Clár & Modúl (PMC), rud a chiallaíonn go bhfuilimid in ann bunlíne a fhorbairt anois agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn oideachais inbhuanaitheachta ar fud na hollscoile. Tá sé mar aidhm againn ár mbonnlínte táscairí a bhunú faoi lár 2024 agus rátáil STARS a bhaint amach faoi 2027/8. Táimid ag tagarmharcáil i gcoinne ollscoileanna a bhfuil gradaim óir agus STARS platanaim faighte acu.

Seoladh an Tacair um Oideachas Inbhuanaitheachta

I mí an Mheithimh 2023, seoladh an [Tacair um Oideachas Inbhuanaitheachta](#) OT Baile Átha Cliath go foirmiúil ag an [Imeacht Nascadh na bPoncanna](#), agus bhí os cionn 100 ball foirne teagaisc OT Baile Átha Cliath i láthair. Tá an tacair deartha chun tacú leis an bhfoireann acadúil inbhuanaitheacht a leabú laistigh de na curaclaim, trí rogha acmhainní oideachais a sholáthar dóibh a bhaineann le forbairt inbhuanaithe. Ag an am céanna, tá Foireann Inbhuanaitheachta tiomnaithe curtha i bhfeidhm ag an Ollscoil chun aidhm na hollscoile a chur chun cinn, OT Baile Átha Cliath a bhunú mar cheann de na hollscoileanna is inbhuanaithe ar domhan. Cuimsíonn an Foireann réimsí feidhme an Oideachais Inbhuanaitheachta, Dícharbónú Campais, Faisnéis Inbhuanaitheachta agus Rannpháirtíocht Shochaíoch. Ina theannta sin, tá Seaimpiní Inbhuanaitheachta sna dámha agus sna scoileanna, ag tacú leis an obair ag an leibhéal áitiúil. Tá sineirgí bunaithe ag an Ollscoil freisin ó thionscnaimh atá á ndéanamh faoi thionscadal OT Baile Átha Cliath SATLE, faoin tionscadal náisiúnta N-TUTOR, agus faoin tionscnamh um Athrú Foirgníochta (Curaclam Dearaidh Athléimneach) atá maoinithe ag HCl.

2.3 DOMHAN

Dul i nGleic le Dúshláin Dhomhanda

“Táimid tiomanta do
thuiscint dhomhain agus
réitigh nua a fhorbairt chun aghaidh
a thabhairt ar dhúshláin
an domhain”

Tugann [Straitéis Taighde & Nuálaíochta OT Baile Átha Cliath 2023 -2028](#) forbheathnú ar thaighde agus nuálaíocht in OT Baile Átha Cliath. Tugann an straitéis breac-chuntas ar conas, sna cúig bliana amach romhainn, a oibreimid mar ollscoil lenár gcomhpháirtithe chun eolas a ghiniúint agus a chur i bhfeidhm chun fóir-réitigh a sholáthar. Tá ár gcúig réimse tosaíochta taighde, a thagann in ionad ár dtéamaí roimhe seo, ailínithe le Rún Straitéiseach 2030 na hOllscoile agus leis na réimsí tosaíochta taighde náisiúnta mar atá leagtha amach in Impact 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann. Is iad sin:

- » Sláinte agus Folláine do Shochaí faoi Rath
- » Réitigh Dhigiteacha Claochlaitheacha
- » Córais Bhia Inbhuanaithe agus Cosaint an Chomhshaoil
- » Ábhair agus Teicneolaíochtaí don Chlaochlú Inbhuanaithe
- » Cultúr, Nuálaíocht agus Cuimsitheacht i Sochaí atá ag Athrú

Fás ar Mhaoiniú Taighde

D'éirigh le OT Baile Átha Cliath a mhaoiniú dámhachtana taighde a dhúbailt beagnach ó ceapadh é (Tábla 3). Ba iad an Coimisiún Eorpach, Fiontraíocht Éireann agus an tionscal a chuir go mór leis an bhfás ar dhámhachtainí taighde. Spreagann Taighde agus Nuálaíocht an dul chun cinn a dhéanaimid maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha agus ar ár dtuiscint ar an domhan thart orainn, agus ag an am céanna ag cinntiú go seachadfaimid scoláirí, ceannairí, eolaithe, innealtóirí agus fiontraithe tionsclaíochta na chéad ghlúine eile chun an tsochaí a chothú sa todhchaí.

Tábla 3: Dámhachtainí Taighde OT Baile Átha Cliath 2022, de réir Gníomhaireachta Maoiniúcháin

An Comhlacht Maoinithe	2019 (€ 000s)	2023 (€ 000s)	% athrú sa tréimhse
An Roinn. Ta, Bia & Mara	687	597	-13%
Coimisiún an AE	1,050	2,114	101%
Fiontraíocht Éireann	1,169	5,556	375%
Ranna Rialtais/Gníomhaireach	1,531	762	-50%
HRB	371	5	-99%
Tionscal	755	2,271	201%
IRC	570	777	36%
SFI	3,022	4,128	37%
Eile	29	65	124%
Iomlán	9,184	16,275	77%

Taighde & Nuálaíocht atá dírithe ar Thionchar

Déanann go leor gníomhaireachtaí cistiúcháin go náisiúnta agus san Eoraip measúnú anois ar thograí deontais maidir le hacmhainneacht tionchair shochoíoch agus tá níos mó ná méadrachtaí traidisiúnta gnóthachtála acadúla in úsáid acu chun sármhaitheas taighde a mheas. In 2023, chun tacú le taighde agus nuálaíocht atá dírithe ar thionchar, bunaíodh Oifig nua Rannpháirtíochta agus Tionchair Taighde in OT Baile Átha Cliath. Díríonn sé ar:

- » Rannpháirtíocht taighde a fhorbairt, lena n-áirítear trí theagmháil éifeachtach le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha ar thionscadail ar mhaithe leis an tsochaí
- » Tacú le taighdeoirí a bpróifíl a ardú chun maoiniú taighde misean-bhunaithe a fháil
- » Pleanáil le haghaidh tionchair agus d'iarraitais ar dheontais, chomh maith le tionchar a bhaint amach ar fud shaolré na dtionscadal taighde
- » Idirphlé leis an bpobal a bhaineann le taighde agus a thionchar a fheabhsú, agus tionchar a imirt ar lucht déanta beartas chun athrú fiúntach a chur i gcrích
- » Aschuir taighde a chur chun cinn agus a chur in iúl do pháirtithe leasmhara, rud a léiríonn luach agus tionchar dearfach an taighde.

Tionchar Taighde 2023

Speictreascópacht Raman Feabhas a chur ar Phrognóis Léasanna Réamh-urchóideacha Béil

Forbraíonn ailse béil den chuid is mó ó loit réamh-urchóideacha (paistí bána agus dearga). Is féidir le brath agus cóireáil luath prognóis níos fearr a sholáthar don othar. Faoi láthair, tá diagnóis agus monatóireacht loit bunaithe ar bhithóipí fíocháin ionracha agus níl aon tástáil ar fáil a d'fhéadfadh torthaí cóireála a thuar. Déantar méarlorgáil bhithcheimiceach ag baint úsáide as speictreascópacht Raman trí úsáid a bhaint as bithóipse scauibe agus samplaí seile agus níl sé ach íosionrach. Úsáidfear na sonraí seo, mar aon le sonraí cliniciúla, chun dul chun cinn agus/nó freagairt cóireála a thuar. In 2023, fuair an tionscadal maoiniú ón gClár Teorainneacha don Todhchaí de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun cur le heolas nua chun fadhbanna a bhíonn ag ár sochaí a réiteach.

Is comhoibriú é an tionscadal seo idir an tOll. Fiona Lyng agus an Dr Isha Behl ó shaotharlann RESC in Institiúid Taighde FOCAS, le hOspidéal Ollscoile Fiaclóireachta Bhaile Átha Cliath (an Dr Claire Healy, an Dr Sheila Galvin), Ospidéal na hOllscoile Antwerp (an tOllamh Senada Koljenović) agus D Y Patil University (an Dr Atul Deshmukh).

Príomh-chomhpháirtíocht dhomhanda do OT Baile Átha Cliath is ea comhghuaillíocht Ollscoil Eorpach na Teicneolaíochta (EUt+), atá ar an bhfód le trí bliana anuas. Bunaíodh an chomhghuaillíocht mar chuid de Thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha agus é mar aidhm aige comhoibriú straitéiseach níos fearr agus soghluaisteach a spreagadh idir institiúidí Eorpacha. Bhí EUt+ ar cheann de 41 comhghuaillíocht a roghnaíodh chun dul isteach i gclár píolótach trí bliana.

In 2023, chuir EUt+ isteach ar an dara céim ceithre bliana maoinithe, dar teideal EUt+ Accelerate. D'éirigh leis, ag fáil an scór ab airde de na comhghuaillíochtaí Eorpacha ar fad (96%). Tógfaidh an chéad chéim eile den chlár ar a bhfuil bainte amach go dtí seo agus tiocfaidh an naoú comhpháirtí ón lodáil isteach sa chomhghuaillíocht. I mí Aibreáin, d'óstaigh OT Baile Átha Cliath breis agus 100 rannpháirtí ó chomhpháirtithe na Comhghuaillíochta thar trí lá.

- » An Bhulgáir: Ollscoil Theicniúil na Sóifia (TUS)
- » An Chipir: Ollscoil Teicneolaíochta na Cipire (CUT)
- » An Fhrainc: Ollscoil Teicneolaíochta Troyes (UTT)
- » An Ghearmáin: Hochschule Darmstadt, Ollscoil na nEolaíochtaí Feidhmeacha
- » An Laitvia: Ollscoil Theicniúil Ríge (RTU)
- » An Rómáin: Ollscoil Theicniúil Cluj - Napoca (UTCN)
- » An Spáinn: Ollscoil Pholaiteicniúil Cartagena (UPCT)
- » an lodáil: Ollscoil Cassino agus Lazio Theas



ECT Lab+ Tionscnamh EUt +

Fuair an tSaotharlann Eorpach um Chultúr agus Teicneolaíocht (ECT Lab) a chéad dámhachtain Marie Sklodowska Curie Action (MSCA). Tá sé mar aidhm ag ECT Lab+ laistigh de EUt+ mais chriticiúil a chruthú i dtaighde sna healaíona, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta. Tá fócas an tionscadail, atá á stiúradh ag OT Baile Átha Cliath, ar eipistéimeolaíocht ag crosbhealach na n-ealaíon, na heolaíochta agus na hinnealtóireachta. Fuair an togra scór fíor-ard de 92.6%. I gcomhar le naoi mball EUt+, áirítear ar na comhpháirtithe gaolmhara Appo (an Fhrainc), Baltan (an Ísiltír), Sarvanjanik Education (India), Instead (An Spáinn), GSI (An Ghearmáin) agus DX (SAM).



Comhdháil an Chumainn um Oideachas Innealtóireachta (SEFI)

Thug OT Baile Átha Cliath cuireadh do shaineolaithe mór le rá ar fud an domhain chuig Comhdháil Bhliantúil an Chumainn um Oideachas Innealtóireachta (SEFI) 2023, chun oideachas innealtóireachta le haghaidh inbhuanaitheachta a iniúchadh. Tá cáil ar SEFI mar an teacht le chéile eolaíoch is mó san Eoraip atá tiomanta d'oideachas Innealtóireachta. D'fhreastail ollúna, mic léinn, tionscail agus eagraíochtaí gairmiúla air chun smaointe a iniúchadh agus a mhalartú ar thodhchaí an oideachais agus an taighde innealtóireachta. Dhírigh na cainteanna ar oideachas innealtóireachta le haghaidh inbhuanaitheachta agus ar thrasnú dinimiciúil na hinnealtóireachta agus na hIntleachta Saorga (IS).

Comhdháil bhliantúil an Chumainn um Oideachas Innealtóireachta (SEFI) ag OT Baile Átha Cliath in 2023

Ár mBranda Idirnáisiúnta a Thógáil

Tá infheistíocht chun ár mbranda a thógáil rithábhachtach chun mic léinn ó áiteanna ar fud an domhain a mhealladh chuig OT Baile Átha Cliath. Fostaíonn sé freisin an iliomad ball foirne cumasach agus comhpháirtithe fiontraíochta a theastaíonn uainn le bheith rathúil mar cheann de na hollscoileanna is mó in Éirinn.


I mí Dheireadh Fómhair, nocht OT Baile Átha Cliath a chéad fheachtas branda, rud a léirigh cloch mhíle shuntasach ó seoladh an Ollscoil ar dtús. Mairfidh an feachtas ar feadh trí bliana. Leagann sé béim ar theoiric, comhoibriú agus feidhmiú praiticiúil chun eispéreas foghlama níos fearr a chruthú do mhic léinn, ag baint úsáide as an sluan “Sáraigh an Fhoghlaim”.

Rinneadh an feachtas a scannánú trí úsáid a bhaint as meascán uathúil de stíleanna meán trí phíosáí scannáin agus beochana a chur le chéile. Léiríonn sé láithreacha ar fud Ghráinseach Ghormáin, Thamhlachta agus Bhaile Bhlainséir, agus tá raon leathan disciplíní i gceist leis lena n-áirítear ríomhaireacht/ilmheán, eolaíocht, innealtóireacht, gnó agus ceol chomh maith le gníomhaíochtaí spóirt agus sóisialta.

Craoladh céim tosaigh an fheachtais ar fud na teilifíse, físeáin ar éileamh agus YouTube, chomh maith le bealaí chun tosaigh ar na meáin shóisialta. Le linn na bliana acadúla 2023/24 sroichfidh an feachtas 90% de dhaoine fásta na hÉireann, dhá thrian díobh cúig huairé nó níos mó.

TU Dublin Brand Campaign Images





3.4 COMHPHÁIRTÍOCHT

Organisational Effectiveness

**“Táimid tiomanta
go n-áiritheofar go mbeidh
oibríochtaí na hOllscoile
inbhuanaithe agus
fiontraíoch”**

Tá sé mar aidhm ag OT Baile Átha Cliath a bheith ar cheann de na hollscoileanna is solúbtha ó thaobh freastal ar riachtanais a gheallsealbhoírí. In 2023, chríochnaigh an Ollscoil an tionscadal Dearaidh Eagrúcháin go hoifigiúil, ag bunú struchtúr ollscoile comhtháite. Chomh maith le hoibríocht níos oiriúnaithe agus níos éifeachtúla a sholáthar, beidh comhoibriú feabhsaithe le comhpháirtithe seachtracha mar thoradh ar an struchtúr nua; fócas ar fhoghlaim ildisciplíneach; tacaíochtaí feabhsaithe le cur ar chumas na mac léinn agus na foirne a lánacmhainneacht a bhaint amach. Cuirfidh an struchtúr seo an cumas ar fáil don Ollscoil freisin leas a bhaint as láidreachtaí taighde agus leanúint ar aghaidh ag cur le taighde ceannródaíoch.

Forbairt shuntasach a bhí sa Tionscadal Dearaidh Eagrúcháin ar aistear OT Baile Átha Cliath chun bheith ina Ollscoil aonair chomhtháite. Tharla an tríú céim den tionscadal, an Idirthréimhse, thar 2022-2023. Ba gharspíoc shuntasach é bunú struchtúir nua Dáimhe agus Scoile in 2022 agus le linn na bliana ina dhiaidh sin ceapadh an Bhainistíocht Acadúil, Cinn Scoile, Cinn Araíonachta agus Ceannairí Oibríochtaí Scoile. Ina theannta sin, bunaíodh creat nua rialachais agus cinnteoireachta.

Maoiníodh an tionscadal trí Chiste Trasfhoirmithe na nOllscoileanna Teicneolaíochta (TUTF), a thacaigh le forbairt ollscoileanna teicneolaíochta agus a chabhraigh leo an sainordú a leagadh amach do OTanna a chomhlíonadh. Reáchtáladh breis agus 500 imeacht rannpháirtíochta i gcaitheamh trí bliana le breis agus 10,000 i láthair. Cé go bhfuil an tionscadal deartha eagraíochtúil tugtha chun críche go hoifigiúil, leanfar ag feabhsú agus ag forbairt na bpróiseas trína bhfeidhmíonn an Ollscoil chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach.







4. Athbhreithniú

Cáilíochta Institiúideach

Déanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) athbhreithniú tréimhsiúil ar gach institiúid ardoideachais in Éirinn ó thaobh dearbhú cáilíochta agus feabhsaithe de. Tarlaíonn an t-athbhreithniú seo trí phróiseas timthriallach ar a dtugtar CINNTE, an focal Gaeilge ar ‘certain’.

Chríochnaigh OT Baile Átha Cliath próiseas ríthábhachtach féinmheastóireachta i mí Dheireadh Fómhair 2021. I mí na Bealtaine 2022, d’fhoilsigh an QQI [Tuarascáil Athbhreithnithe Institiúideach OT Baile Átha Cliath 2022](#), inar mhol an Fhoireann Athbhreithnithe, ar a raibh saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, OT Baile Átha Cliath as a dhul chun cinn ó bunaíodh é. Rinne an Painéal moltaí freisin maidir le forbairt agus claochlú na hOllscoile amach anseo. Bhí Gnóthaí Acadúla i gceannas ar fhorbairt agus ar fhaomhadh Phlean Gníomhaíochta na hInstitiúide mar fhreagra ar an bhFoireann Athbhreithnithe Neamhspleách, faoi threoir Choiste na hAcadúla um Dhearbhú Cáilíochta. Cuireadh an Plean ar aghaidh chuig an QQI i mí na Nollag 2022..

Lean OT Baile Átha Cliath ar aghaidh ag obair chun a Phlean Gníomhaíochta Institiúideach a thabhairt chun críche. I mí na Nollag 2023, cuireadh [Tuarascáil Leantach ar Athbhreithniú CINNTE](#) faoi bhráid an QQI, inar leagadh amach an dul chun cinn i rith na bliana. Soláthraíonn an tuarascáil Plean Gníomhaíochta nuashonraithe a léiríonn an raon leathan tionscadal agus tionscnamh atá críochnaithe agus leanúnach in OT Baile Átha Cliath. Tá sé dírithe ar fhorbairt agus ar fheidhmiú polasaithe aonadacha, rialacháin agus tacaíochtaí.

Ag teacht le cuspóirí laistigh dár bPlean Straitéiseach, is iad na príomhghníomhartha laistigh de Phlean Gníomhaíochta Institiúideach CINNTE ná:

1. Straitéis EDI na hOllscoile agus gníomhartha comhpháirte a chur i bhfeidhm
2. Athbhreithniú agus athailíniú ar phunann clár cuimsitheach a dhéanamh, chun rathúlacht na mac léinn a chinntiú, riachtanais scileanna a chomhlíonadh agus aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht airgeadais
3. SRMS comhtháite nua (Córas Bainistíochta um Chlárú Mac Léinn) a sheachadadh
4. Plean Claochlaithe Digiteach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun rathúlacht na mac léinn a fheabhsú
5. Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm cláir forbartha foirne a thacaíonn le seachadadh straitéis na hOllscoile
6. Líon na mball foirne gníomhach taighde, mac léinn taighde iarchéime, agus an maoiniú taighde féin a mhéadú
7. Feabhas a chur ar fheasacht branda agus ar chumarsáid tríd an suíomh gréasáin agus ar bhealaí eile
8. Múnla rannpháirtíochta uile-ollscoile a bhunú agus plean comhtháite a sheachadadh a fhorbraíonn gníomhaíocht chomhoibríoch le comhpháirtithe acadúla, tionscail agus pobail
9. Cur chun feidhme an struchtúir dearaidh eagraíochtúil a chur i gcrích, agus é a úsáid mar ardán le haghaidh claochlaithe agus fáis
10. Próisis ghnó a bhunú/ath-innealtóireacht a dhéanamh air le haghaidh éifeachtúlachtaí agus cumarsáid a dhéanamh dá réir

Soláthraíonn Tuarascáil Dhul Chun Cinn OT Baile Átha Cliath 2023 nuashonruithe stádais do gach gníomh. As na tríocha dó gníomh a aithníodh sa Phlean Gníomhaíochta Institiúideach, tá dhá cheann is fiche críochnaithe go dtí seo. Críochnaíodh roinnt gníomhartha roimh na spriocdhátaí bunaidh agus tá cuid acu ar siúl de réir an sceidil. D’aithin an t-athbhreithniú freisin réimsí breise le feabhsú agus, mar sin, cuireadh síneadh ama le spriocdhátaí roinnt gníomhartha. Tá an Plean le bheith críochnaithe in 2025.

I measc na bpríomhghnóthachtálacha le linn 2023, mar atá sonraithe sa tuarascáil, tá na míreanna seo a leanas imlínte i dTábla 5 thíos.

Tábla 5: Tuarascáil 2023 ar Dhul Chun Cinn OT Baile Átha Cliath Príomhéachtaí

Gníomh	Amlíne Bunaidh don Chríochnú	Amlíne Iarbhír/ Nua don Chríochnú	Stádas
Cur i bhfeidhm an struchtúir Dearaidh Eagrúcháin a chríochnú, agus é á úsáid mar ardán le haghaidh claochlaithe agus fáis	Meitheamh 2023	Meitheamh 2023	Críochnaithe Seoladh an struchtúr nua Dáimhe agus Scoile (5 dhámh, 25 scoil) ar 1 Meán Fómhair 2022. Cuimsíonn an ghné dheiridh Ceann Dáimhe Teagaisc agus Foghlama agus Ceann Taighde na Dáimhe agus Nuálaíocht le bheith i bhfeidhm do thús Sheimeastar II, 2023/24. Tá feidhmeanna na Seirbhísí Gairmiúla agus an Leas-Uachtaráin i bhfeidhm, agus leanann siad ag aistriú go dtí na dearáí nua.
VLE amháin a fháil agus a chur i bhfeidhm don Ollscoil agus tacaíochtaí comhsheasmhacha agus cothroma a chinntiú don VLE ar fud na hOllscoile	Meitheamh 2023	Márta 2023	Críochnaithe Tá soláthar VLE amháin don Ollscoil tugtha chun críche agus tá tionscadal leanúnach ann chun aistriú ón VLE atá ar dhá champas go dtí an VLE nua. Ó Mheán Fómhair 2024 beidh foireann agus mic léinn uile OT Baile Átha Cliath ag baint úsáide as an VLE céanna.
Beartais earcaíochta, bainistíochta agus forbartha foirne a athbhreithniú agus más gá iad a leasú chun a chinntiú go bhfuil prionsabail sármhaitheasa, cuimsitheachta agus EDI mar bhonn agus mar thaca acu	Meitheamh 2023	Meitheamh 2023	Críochnaithe agus faoi athbhreithniú rialta. Déantar gach beartas AD a athbhreithniú agus a fhorbairt de réir fhorálacha Ráiteas Comhionannais an EDI (2019-2022). Sonraítear ráitis dearfacha gníomhaíochta i ngach ábhar earcaíochta AD. Tá Foireann Beartais AD bunaithe ina ndéantar athbhreithniú ar bheartais ar bhonn timthriallach - ag cinntiú go n-ionchorpraítear prionsabail EDI iontu.
Feabhas a chur ar fheasacht branda agus ar chumarsáid tríd an suíomh Gréasáin agus ar bhealaí eile	Meitheamh 2023	Meitheamh 2023	Críochnaithe Seachadadh suíomh Gréasáin nua OT Baile Átha Cliath in am. Ina theannta sin, forbraíodh feachtas branda nua do OT Baile Átha Cliath agus seoladh é ar an teilifís agus ar chainéil dhigiteacha i mí Dheireadh Fómhair 2023 (rithfidh sé go dtí Meitheamh 2024).
A chinntiú go soláthraíonn beartais agus nósanna imeachta AD agus forbartha foirne rochtain chothrom ar dheiseanna CPD a thacaíonn le huailmhianta straitéiseacha na hOllscoile.	Meitheamh 2024	Meitheamh 2023	Críochnaithe agus faoi athbhreithniú rialta. Tá an polasaí Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe forbartha ag an Ollscoil d'fhoireann na seirbhísí acadúla agus gairmiúla araon. Leagtar amach go soiléir sa pholasaí go mbeidh comhionannas deiseanna ag gach ball foirne maidir le rochtain a fháil ar chlár oiliúna agus forbartha. Tá an fhoireann Forbartha Daoine tiomanta a chinntiú go bhfaigheann gach fostaí oiliúint chuí dá ról laistigh den Ollscoil chomh maith le raon deiseanna solúbtha, lúfar agus inrochtana a thairiscint do gach ball foirne chun scileanna, eolas agus cáilíochtaí gairmiúla a fhorbairt





5. Ráiteas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

TIOMANTAS FORIOMLÁN

Is iad bunluachanna Ollscoil Theicneolaíochta, Baile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath) Feabhas, Cuimsiú, Tionchar agus Meas. Trí na luachanna seo a chleachtadh, tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsitheacht a chur chun cinn, mar aon le cearta daonna gach duine inár bpobal ollscoile a chosaint agus a chur chun cinn. Tá an Ráiteas Comhionannais seo ag teacht le hAcht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018, Mír 19(1) go (6).

ROCHTAIN AGUS OIDEACHAS

Cumasaíonn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath) cothromas rochtana, agus rannpháirtíochta maidir le hoideachas do chách, beag beann ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlai, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine (lena n-áirítear dath, náisiúntacht nó bunús eitneach nó náisiúnta), ballraíocht den Lucht Siúil, agus cúlra socheacnamaíoch. Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do chinntiú go léireoidh na mic léinn a théann isteach, a ghlacann páirt agus a chríochnaíonn a chlár ag gach leibhéal éagsúlacht agus meascán sóisialta réigiún Bhaile Átha Cliath agus dhaonra na hÉireann. Cuireann an beartas iontrála san áireamh go hiomlán Cuspóir Straitéiseach na hOllscoile í a bheith ar an ollscoil is inrochtaine in Éirinn, agus an líon is mó foghlaimoirí éagsúla inti.

Is eol don Ollscoil go háirithe na dúshlán a bhaineann le rannpháirtíocht san ardoideachas atá os comhair daoine ó chúlraí atá faoi míbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta, daoine a bhfuil cumais éagsúla acu, agus daoine ó chodanna den tsochaí a bhfuil tearc-ionadaíocht orthu i measc na mac léinn. Chuige sin, cuireann polasaí iontrála na hOllscoile Plean Rochtana Náisiúnta 2022-2028 an Údarás um Ard-Oideachas san áireamh go hiomlán³. Tacaíonn sé le rannpháirtíocht na mac léinn a bhfuil na próifíli thuas acu trí ghníomhaíochtaí réamhiontrála, socruithe malartacha iontrála agus tacaíochtaí iar-iontrála. Tá sé mar aidhm aici freisin eispéireas feabhsaithe agus torthaí dearfacha oideachais a sholáthar do gach mac léinn trí úsáid a bhaint as cuir chuige ar nós Dearadh Uilíoch agus Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim i soláthar oideachais agus seirbhísí, tacaíochtaí agus áiseanna gaolmhara.

COMHIONANNAS

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do chomhionannas a chur chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne, i ngach gné dá chuid oibre. Tá polasaí na hOllscoile maidir le comhdheiseanna á threorú ag corpas an dlí fostaíochta agus ag an oibleagáid reachtúil 'aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna agus caitheamh lena foireann agus na daoine dá soláthraíonn sí seirbhísí a chur chun cinn, agus cearta daonna a comhaltaí, a foireann, agus na ndaoine dá soláthraíonn sí seirbhísí'⁴. Cuireann an Ollscoil na caighdeáin iompair is airde chun cinn i measc na foirne. Tá sé tiomanta go hiomlán don sprioc fostaíochta atá i Straitéis Chuimsitheach an Rialtais do Dhaoine faoi Mhíchumas (2015-2024) a chur i bhfeidhm do dhaoine faoi mhíchumas⁵.

3 An tÚdarás Ardoideachais (HEA), 2022. Plean Rochtana Náisiúnta: Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Chochothromas Rochtana, Rannpháirtíochta agus Ratha san Ardoideachas 2022-2028 (ar rochtain 17 Samhain 2023).

4 Irish Human Rights and Equality Commission Act 2014, Section 42 (a), (accessed 11 October 2023).

5 Government of Ireland, 2015. Comprehensive Strategy for People with Disabilities 2015-2024, (accessed 05 June 2024).

Tá sé tiomanta do ghnóthachtáil na cothromaíochta inscne agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn i measc mhic léinn agus fhoireann na hOllscoile. Folaíonn sé seo ag féachaint don chuspóir atá leagtha síos san Acht gur mná a bheidh mar 40 faoin gcéad ar a laghad de chomhaltaí an Chomhlachta Ceannais agus gur fir 40 faoin gcéad ar a laghad⁶. Ina theannta sin, mar a fhoráiltear in Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018, tabharfaidh an Bord Rialaithe aird ar an gcuspóir atá leagtha síos san Acht maidir leis an gComhairle Acadúil, gur mná a bheidh mar 40 faoin gcéad ar a laghad de chomhaltaí agus gur fir 40 faoin gcéad ar a laghad⁷.

Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an Ollscoil aghaidh a thabhairt ar éagothroime inscne i measc na foirne agus na mac léinn i réimsí araíonachta acadúla agus réimsí feidhme ina bhfuil patrúin traidisiúnta de cheannasacht fireann nó bainneann le fáil. Cloíonn agus cuireann an Ollscoil beartais agus creata dea-chleachtas i bhfeidhm ar fud na hearnála, lena n-áirítear Prionsabail Athena SWAN Ireland⁸ agus moltaí sa Dara Athbheithniú Náisiúnta an Údaráis um Ard-Oideachas ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais⁹. Ina theannta sin, tá sé tiomanta aird a thabhairt ar an gcuspóir gur mná a bheidh mar 40 faoin gcéad ar a laghad de chomhaltaí na gcoistí cinnteoireachta ollscoile agus gur fir 40 faoin gcéad ar a laghad de na comhaltaí. Aithnítear freisin an gá atá le dul i ngleic le gnéithe trasghearrtha a chuireann le cumaisc a dhéanamh ar neamhionannais amhail eitneachas, cumas éagsúil, inscne agus féiniúlachtaí eile, agus míbhuntáiste sóisialta. Cuireann an Ollscoil feachtas agus tuiscint chun cinn ar cheithre ghné an idirdhealaithe – stairiúil, struchtúrach, institiúideach agus aonair – d'fhonn tacú le cultúr feabhsaithe comhionannais, measa agus cothroime, ina seastar go gníomhach le cearta daonna gach duine.

PLEAN STRAITÉISEACH OLLSCOILE

Treisiúnn an Ráiteas seo Cuspóir Straitéiseach 2030 OT Baile Átha Cliath, áit a bhfuil comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú mar chuspóir straitéiseach ina n-aithneofar an Ollscoil mar eiseamláir sa chomhionannas, san éagsúlacht agus sa chuimsiú (EDI) ina bhfuil daoine bródúil as a bheith mar chuid de phobal nasctha agus cruthóidh a gcuid buanna, inniúlachtaí agus aclaíocht fíor-thionchar ar an stáitse domhanda. Geallann an Plean Straitéiseach 2024-2028 raon iomlán na bpleananna comhionannais arna bhforbairt ag an Roinn Oideachais agus ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Creat um Chomhaontú in Institiúidí Ardoideachais, Plean Forfheidhmithe 2022-2024 an Údaráis um Ard-Oideachas, Prionsabail Frithchiníochais an ÚAO d'Institiúidí Ardoideachais, agus Plean Feidhmithe Chomhionannas Cine an ÚAO 2022-2024¹⁰. Tá sé mar chuspóir aige freisin creidiúnú Athena Swan a leathnú go 40% de na Scoileanna le linn an ama seo. Déanfaidh an Ollscoil athbheithniú ar a feidhmíocht maidir leis na creataí agus na pleananna seo, de réir mar is cuí, go tráthrialta.

⁶ Technological Universities Act 2018, Section 12(5)(b) and Schedule 1 Section 6(2)(b), (accessed 11 Oct 2023)

⁷ Technological Universities Act 2018, Section 16(3)(c), (accessed 13 Oct 2022)

⁸ AdvanceHE 2021, Athena SWAN Ireland Principles, (accessed 11 Oct 2023)

⁹ Higher Education Authority (HEA), 2022. HEA Second National Review of Gender Equality in Irish Higher Education Institutions, (accessed 11 October 2023)

¹⁰ Department of Education, 2020. Framework for Consent in Higher Education Institutions: Safe, Respectful, Supportive and Positive – Ending Sexual Violence and Harassment in Higher Education Institutions, (accessed 11 October 2023);

Higher Education Authority (HEA), 2022. HEA Ending Sexual Violence and Harassment in Higher Education Institutions Implementation Plan 2022-2024, (accessed 11 October 2023);

HEA, 2023. Anti-Racism Principles for Irish Higher Education Institutions, (accessed 11 October 2023);

HEA, 2023. HEA Race Equality Implementation Plan 2022-2024, (accessed 11 October 2023).





6. Ráiteas Inbhuanaitheachta

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do bheith ag obair leis an bhfoireann, le mic léinn agus le páirtithe leasmhara eile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na hinbhuanaitheachta comhshaoil. Cuirtear an gealltanais seo in iúl go foirmiúil i Ráiteas Inbhuanaitheachta OT Baile Átha Cliath.

RÁITEAS INBHUANAITHEACHTA OT BAILE ÁTHA CLIATH

Tá an inbhuanaitheacht mar bhonn agus mar thaca ag Cuspóir Straitéiseach 2030 Ollscoil Teicneolaíochta (OT) Bhaile Átha Cliath. Trína trí chrann taca, Daoine, Domhan, agus Comhpháirtíochtaí, is í an Inbhuanaitheacht a chuireann dlús faoinár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna. Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta d'ardoideachais a sheachadadh agus a hoibríochtaí a athrú ó bhonn trí lionsa na hinbhuanaitheachta agus leas á bhaint aici as cur chuige cothrom a dhéanann ár ndomhan a chosaint do na glúine atá le teacht. Is í ár bhfís don Inbhuanaitheacht a bheith mar eagraíocht eiseamláireach, ina bhforbraítear cultúr freagrachta de bharr tuiscint ar eitic mar chineál cleachtais¹¹. Trí ghníomhaíochtaí ár ndaoine, lena n-áirítear breis agus 8,000 céimí in aghaidh na bliana, tá ár luachanna soiléir - arna bhfianú ag ár gcuspóir, ár ndúthracht, agus ár gcumas scála agus rochtain a thabhairt laistigh den tionscal agus den tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán phráinneacha an tsaol mar atá ar bhealach atá ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 de chuid na NA.

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta d'inbhuanaitheacht a neadú i bpleananna, straitéisí, beartais agus oibríochtaí laethúla uile na hOllscoile. Ina theannta sin, agus í ar an eolas faoin ról atá aici sa tsochaí, pléifidh an Ollscoil lenár n-éiceachóras níos leithne de phobail áitiúla, gnólachtaí, agus comhpháirtithe sochaíochta chun eolas, tuiscint agus gníomh a chur chun cinn chun aistriú atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch de a chinntiú chun neodracht aeráide a bhaint amach i dteannta a chéile. Le go mbeidh an tionchar is mó againn ar gach ceann de na seacht gcinn déag de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 na NA, sainaitnímid trí sprioc le baint amach, inar féidir leis an ardoideachas i gcoitinne agus OT Baile Átha Cliath go háirithe an tionchar is mó a imirt. Agus a fhios againn go bhfuil gach Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) fite fuaite le spriocanna eile, déanfaimid forbairt ar idirspéachas ghaolmhara trí bhithin trí sprioc tacaíochta.

a) OIDEACHAS CÁILÍOCHTA & COMHIONANNAS

Sprioc Fócais	Sprioc Tacaíochta
NA SFI 4 Oideachas den Scoth	NA SFI 5 Comhionannas Inscne
Oideachas cuimsitheach agus cothrom ardchaighdeán a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaol a chur chun cinn do chách.	Comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus cailín a chumasú.

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta d'oideachas a chur ar ár bhfoireann agus ár gcuid mac léinn agus iad a chumasú le bheith ina saoránaigh atá gníomhach ó thaobh na haeráide de, atá freagrach ar fud an domhain agus a mbíonn dea-thionchar acu ar an saol. Déanfaimid é seo trí 1) inbhuanaitheacht a neadú inár gcuraclam, taighde, agus deiseanna forbartha foirne agus 2) príomhbheartais tacaíochta agus acmhainní tacaíochta a chur i bhfeidhm agus machnamh cúramach a dhéanamh faoi na gníomhaíochtaí ar cheart a fheabhsú.

Teastaíonn gníomhartha ó dhaoine ar fud gach réimse den Ollscoil chun inbhuanaitheacht a neadú chun cultúr cuimsitheachta a chruthú ina mbeidh deis chothrom ag gach saoránach sa

11 UN Sustainability Goals (last accessed 13 Feb 2022)

tsochaí rochtain a fháil ar ardoideachas agus é a sheachadadh. Táimid tiomanta don chumas seo a fhorbairt laistigh dár bpobal Ollscoile chun freagairt go cóir do dhúshlán dhomhanda, trí phobal éagsúil foghlaimoírí, oideachasóirí, taighdeoirí agus riarthóirí. Chuige sin, déanfar seachadadh Oideachas Ardchaighdeán a fhorbairt chun prionsabail an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe (EDI) a neadú agus chun Plean Gníomhaíochta Athena SWAN OT Baile Átha Cliath 2022-2025 a sheachadadh¹².

Réamh-mheastar beartais agus cleachtais na hOllscoile le beartais agus le creataí an Oideachais Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe, beidh siad ag teacht le Straitéis Scileanna Náisiúnta na hÉireann¹³ agus le tosaíochtaí laistigh de Phlean Straitéiseach Horizon Europe¹⁴, ag cuimhneamh ar dheiseanna do OT Baile Átha Cliath chun tionchar inbhuanaitheachta a sheachadadh in Éirinn.

b) GNÍOMHAÍOCHT AERÁIDE & NUÁLAÍOCHT TEICNEOLAÍOCHTA

Sprioc Fócais	Sprioc Tacaíochta
SFI NA 13 Gníomhú ar son na hAeráide	SFI NA 9 Nuálaíocht & Bonneagar Tionscail
Gníomh práinneach a dhéanamh chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus a thionchair.	Bonneagar seasmhach a thógáil, tionsclaíocht uilechuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú.

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do dhul i ngleic le hathrú aeráide agus tionchair dhiúltacha comhshaoil agus rioscaí a bhaineann leis an aeráid a laghdú trínár n-astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú. Geallaimid go ndéanfar lorg carbóin laghdaithe a thomhas, monatóireacht a dhéanamh air agus é a phleanáil go gníomhach ar fud ár n-oibríochtaí campais agus forbairtí pleanáilte go léir, ár dtimpeallacht ar líne, agus trínár gcleachtais taistil. Geallaimid ceannaireacht agus acmhainní a sholáthar le bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2040¹⁵. Déanfaimid é seo trí réimse gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- úsáid na timpeallachta campais atá againn faoi láthair a bharrfheabhsú
- geilleagar ciorclach agus prionsabail soláthair inbhuanaithe a chleachtadh
- foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhiosrú
- tomhaltas fuinnimh an champais a laghdú, uisce a chaomhnú, dramhaíl a laghdú
- aghaidh a thabhairt ar chailleanas bithéagsúlachta inár dtimpeallacht nádúrtha
- taisteal a íoslaghdú agus úsáid modhanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn

Ag obair go dlúth le ceannairí acadúla, taighdeoirí, agus seirbhísí gairmiúla laistigh den Ollscoil, cloifimid le agus beidh ár ngníomhaíochtaí ag teacht leis an gComhaontú Glas don Eoraip¹⁶, le Plean Gníomhaíochta na hÉireann¹⁷ ar son na hAeráide agus le Straitéis an Gheilleagair Chiorclaigh¹⁸. Ina theannta sin, oibreoidh an Ollscoil i gcomhar lenár n-éiceachóras níos leithne de phobail áitiúla, gnólachtaí agus comhpháirtithe chun eolas agus tuiscint a chur chun cinn, agus a tionchar a leathnú chun aistriú atá freagrach go sóisialta agus go heacnamaíoch a chinntiú chun aghaidh a thabhairt ar bhriseadh bithéagsúlachta agus chun neodracht aeráide a bhaint amach le chéile.

¹² TU Dublin Athena SWAN Action Plan 2022-2025 (last accessed 11 Mar 2022)

¹³ Ireland's National Skills Strategy (last accessed 13 Feb 2022)

¹⁴ Second Horizon Europe Strategic Plan 2025-2027 (last accessed 13 Feb 2022)

¹⁵ Scope 1 and 2 of the Greenhouse Gas Protocol for Carbon Emissions

¹⁶ European Commission – A Green Deal (last accessed 11 Mar 2022)

¹⁷ Climate Action Plan 2021 (last accessed 11 Mar 2022)

¹⁸ Whole of Government Circular Economy Strategy 2022-2023 (last accessed 13 Feb 2022)

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do réitigh nuálacha a fhorbairt, trí thaighde gnímh, ar athrú aeráide trí theicneolaíochtaí glasa ar bhealach a bhaineann leas as ár mbonneagar fisiceach agus digiteach mar Shaotharlann Bheo chun inbhuanaitheacht a neadú inár dtimpeallacht foghlama agus oibre laethúil. Agus sin ag baint leas as cur chuige atá dírithe ar an duine chun réitigh dhigiteacha SMART¹⁹ a chur i bhfeidhm, cruthóimid faisnéis bunaithe ar shonraí trí thomhas, monatóireacht agus tuairisciú dinimiciúil chun tacú linn ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Trí nascacht dhigiteach níos fearr²⁰ forbróimid éiceachóras eolais ina mbeidh rannpháirtíocht ghníomhach ónár bpobal mac léinn, oideachasóirí agus taighdeoirí chun bonn eolais a chur faoi na bearta pleanála agus oiriúnaithe²¹ atá riachtanach ar fud ár dtimpeallachtaí campais mar fhreagra ar dhúshláin aeráide phráinneacha trí shaoránacht fhreagrach ghníomhach.

c) SLÁINTE, FOLLÁINE & POBAL

Sprioc Fócais	Sprioc Tacaíochta
SFI NA 3 Togha na Sláinte agus na Folláine	SFI NA 11 Cathracha & Pobail Inbhuanaithe
Saol sláintiúil a chinntiú agus folláine a chur chun cinn do gach duine ag gach aois.	Cathracha agus lonnaíochtaí daonna a dhéanamh cuimsitheach, sábháilte, seasmhach agus inbhuanaithe.

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do shláinte agus folláine ár bpobal Ollscoile agus an tsochaí i gcoitinne a chosaint agus a fheabhsú trí dhaoine a chumasú le barr a gcumais a bhaint amach²² Leagtar amach i gCairt Okanagan 2015 ról agus freagracht an Ardoideachais i gcur chun cinn na Sláinte maidir le hidirspleáchas sláinte an duine agus folláine an phláinéid. Mar shíniitheoir leis an gCairt um Champas Sláintiúil Ardoideachais na hÉireann²³, táimid tiomanta do ‘chur chuige an champais iomláin a ghlacadh chugainn féin chun timpeallacht foghlama agus cultúr eagraíochtúil a chruthú’ chun sláinte agus folláine a chinntiú laistigh dár bpobal. Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do bheith ag obair ar fud na hOllscoile trí líonra daoine atá oscailte, cuimsitheach agus rannpháirteach chun eolas a chur ar fáil d’fhorbairt agus do chur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Sláintiúil de chuid OT Baile Átha Cliath. Ag obair i ndlúthchomhar le taighdeoirí OT Baile Átha Cliath forbróimid polasaithe agus cleachtais dár ngníomhartha tosaíochta lena n-áirítear gníomhaíocht choirp, tobac agus meabhairshláinte.

Agus í ina láthair foghlama agus oibre do bhreis agus 35,000 duine ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath, aithníonn agus tacaíonn OT Baile Átha Cliath leis an tuiscint go bhfuil dlúthbhaint idir Sláinte & Folláine agus Cathracha & Pobail a chruthú atá níos Inbhuanaithe agus níos fearr le bheith i do chónaí iontu. Inár dtiomantas d’astaíochtaí gás ceaptha teasa Scóip 3²⁴ a laghdú, méadóidh OT Baile Átha Cliath a rannpháirtíocht agus a thionscnaimh thaighde gníomhaíochta chun Taisteal Gníomhach agus Taisteal Níos Cliste a chur chun cinn²⁵ trí abhcóideacht agus tógáil feasachta chun leibhéal mhéadaithe siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí a spreagadh chun rochtain shábháilte agus chomhionann ag daoine faoi mhíchumas a chinntiú, dea-shláinte a chur chun cinn, tionchar carbóin a laghdú, agus cultúr pobail a chruthú le haghaidh iompar inbhuanaithe.

Cúlra Reachtaíochta

¹⁹ SMART is an acronym for Self-Monitoring, Analysis, and Reporting Technology – Research Gate (last accessed 28 Mar 2022)

²⁰ Harnessing Digital – The Digital Ireland Framework (last accessed 11 Mar 2022)

²¹ IPCC - Climate Change 2022: Impacts, Adaptation and Vulnerability (last accessed 11 Mar 2022)

²² Okanagan Charter

²³ National Access Plan Progress Review

²⁴ Scope 3 of the Greenhouse Gas Protocol for Carbon Emissions

²⁵ National Transport Authority – Smarter Travel to Your Campus

DT

OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA
BHAILE ÁTHA CLIATH

DUBLIN

TECHNOLOGICAL
UNIVERSITY DUBLIN

AN CHEARNÓG THOIR - EAST QUAD

7. Rialachas

7.1. Bord Bainistíochta

Tá Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018 mar bhonn agus mar thaca ag bunú Ollscoileanna Teicneolaíochta agus síníodh ina dhlí é ar an 19 Márta 2018. Leasaíodh roinnt forálacha in Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018 leis an Acht um ÚAO 2022 (“an tAcht um ÚAO”), ar cuireadh tús leis ar an 10 Samhain 2022.

Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (an Ollscoil) le hOrdú ón Aire faoi Alt 36 den Acht OT, (Uimhir 3 de 2018), agus faoin Ionstraim Reachtúil, (Uimhir 437 de 2018), ar an lá ceaptha 1 Eanáir 2019.

Faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018, arna leasú (“an tAcht OT”) ceanglaítear ar an Ollscoil Comhlacht Ceannais a bheith acu chun feidhmeanna na hOllscoile a chomhlíonadh faoin Acht. Is é an Comhlacht Ceannais, mar sin, an t-údarás a bhunaítear le dlí chun an Ollscoil a rialú. Tá ról agus dualgais an Bhoird Rialaithe leagtha amach in Alt 11 den Acht um Chomhaontú.

Ní mór don Chomhlacht Rialaithe feidhmiú de réir Sceideal 1 den Acht OT. Sular tugadh isteach na leasuithe le hAcht an ÚAO, d’fhoráil Acht an OT go mbeadh idir 14 agus 22 comhalta i mballraíocht iomlán an Bhoird Rialaithe, a mbeadh ar a laghad triúr comhalta ach nach mbeadh níos mó ná ochtar ina gcomhaltaí seachtracha le hainmniú ag Coiste an Chomhlachta Ceannais. Le hAcht an ÚAO, rinneadh leasú ar Alt 12 den Acht OT chun a fhoráil go mbeadh an Bord Rialaithe comhdhéanta de 19 comhalta a mbeadh oibleagáid orthu go mbeadh an Bord Rialaithe ath-chomhdhéanta i bhfeidhm tráth nach déanaí ná an 9 Samhain 2023. Chomhlíon an Ollscoil an dualgas seo.

Comhlíonann baill an Bhoird Rialaithe príomhróil maidir le treo, straitéis agus rialachas corparáideach na hOllscoile. Glacann comhaltaí freagracht chomhchoiteann as inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hOllscoile, ag obair le Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe, leis an Uachtarán agus Foireann Feidhmiúcháin na hOllscoile lena chinntiú go ndéantar an Ollscoil a bhainistiú agus a fhorbairt ar aon dul le paraiméadair dhlíthiúla agus bheartais agus caighdeán dea-chleachtais inghlactha.

Ballraíocht an Bhoird Rialaithe

Ní rachaidh téarma oifige aon chomhalta den Chomhlacht Ceannais (seachas an tUachtarán) thar cheithre bliana agus ní fhéadfaidh comhalta den sórt sin níos mó ná dhá théarma oifige as a chéile a chur isteach. Le linn na bliana ón 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023 ceapadh roinnt comhaltaí chuig an mBord Rialaithe agus chuaigh comhaltaí eile ar scor as ar na dátaí atá aibhsithe thíos. Tháinig an Bord Rialaithe le chéile seacht n-uaire i rith na bliana.

Coistí an Chomhlachta Ceannais

Chun cabhrú lena fheidhmeanna a chomhlíonadh in 2023, tá ceithre Choiste bunaithe ag an mBord Rialaithe: Coiste Iníúchta agus Riosca, Coiste Airgeadais agus Maoine, Coiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe agus Roghchoiste.

Comhlíonadh Chód Rialachais na hOllscoile

Tá córas láidir rialachais ríthábhachtach chun cur ar chumas na hOllscoile feidhmiú go

héifeachtach agus chun go bhféadfaidh an Bord Rialaithe a fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le trédhearcacht agus cuntasacht.

Tá Cód Rialachais i bhfeidhm ag an Ollscoil, a dréachtaíodh ag glacadh leis an gCód Cleachtais bunaidh do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 mar phointe tosaigh agus é curtha in oiriúint chun é a thabhairt ar aon dul le hAcht OT. Is doiciméad beo é seo a thiocfaidh chun cinn le himeacht ama de réir dea-chleachtais agus athruithe reachtaíochta. Tá an leagan is déanaí a nuashonraíodh i mí an Mhárta 2021 foilsithe ar shuíomh Gréasáin na hOllscoile.

Tá an Bord Rialaithe freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a fhaomhadh agus tuairim a thabhairt i dtaobh an measann sé gur léargas fíor agus cothrom iad na ráitis airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais na hOllscoile agus ar a staid airgeadais ag deireadh na bliana. Tá an Bord Rialaithe freagrach as a chinntiú go ndéantar nochtadh tráthúil agus cruinn don Aire ar gach ábhar ábhartha a bhaineann leis an Ollscoil lena n-áirítear an comhthéacs gnó, feidhmíocht airgeadais agus seasamh agus rialachas na hOllscoile.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis na míreanna comhlíonta seo a leanas ón gCód Rialachais:

- i. Shínigh Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe agus Uachtarán na hOllscoile Comhaontú Maoirseachta leis an ÚAO a leag amach an creat rialachais agus cuntasachta leathan agus na príomhchúraimí atá mar bhunús leis an gcaidreamh idir an ÚAO agus an Ollscoil; mar bhonn faoi seo tá an reachtaíocht ábhartha, ciorcláin an Rialtais (nuair is infheidhme), an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 cuimsithe ag an gCód Rialachais, reachtanna, cairteacha, airteagail agus ionstraimí rialachais, go háirithe iad siúd lena mbunaítear ÚAO agus an Ollscoil.
- ii. Cheadaigh an Bord Rialaithe cláir bhliantúla agus buiséid na hOllscoile lena n-áirítear anailís ar fheidhmíocht in aghaidh an bhuiséid.
- iii. Déantar athbhreithniú inmheánach ar éifeachtacht an Bhoird Rialaithe gach bliain. Déantar meastóireacht sheachtrach uair amháin ar a laghad gach ceithre bliana.
- iv. Buailleann an Bord Rialaithe le chéile sách rialta chun a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach agus tá sceideal ábhar aige atá forchoimeáda go sonracha lena chinneadh. Tháinig an Bord Rialaithe le chéile seacht n-uaire i rith na bliana 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023.
- v. Le linn na bliana 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023 tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile sé huair.
- vi. Foilsíonn an Ollscoil a tuarascáil bhliantúil agus a ráitis airgeadais laistigh de mhí amháin tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- vii. Déanann an Bord Rialaithe measúnú ar phríomhrioscaí na hOllscoile, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo, nuair is cuí agus bearta maolaithe gaolmhara, tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca.
- viii. Leanann an Ollscoil ag cloí le gach gné ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.

Ballraíocht an Bhoird Rialaithe 2023 (1 Eanáir 2023-31 Nollaig 2023)

	GOVERNING BODY MEMBER	CATEGORY	APPOINTMENT DATE
1	David FitzPatrick	Uachtarán	1 Eanáir 2019
2	Michael Carr	Ball foirne	15 Eanáir 2019
3	Valerie Bistany ²⁶	Ball Seachtrach	1 Iúil 2019
4	Evelyn Carroll ²⁷	Ball Seachtrach	
5	Jerry Grant ²⁸	Ball Seachtrach	
6	Charles Larkin (Chair) ²⁹	Ball Seachtrach	
7	Aileen O'Toole	Ball Seachtrach	
8	Pamela Kelly	Ball foirne	
9	Susan O'Shaughnessy ³⁰	Ball foirne	
10	Christy Duffy ³¹	Ball Seachtrach	3 Feabhra 2021
11	Norah Burns	Ball Seachtrach	23 Meitheamh 2021
12	Catherine Clune Mulvaney	Ball Seachtrach	23 Meitheamh 2021
13	Conor O'Donovan	Ball Seachtrach	23 Meitheamh 2021
14	Eamon Maher	Ball foirne	1 Iúil 2021
15	Maggie Ryan ³²	Ball foirne	1 Iúil 2021
16	Brian Jordan	Mac Léinn	1 Iúil 2022
17	Louise Kavanagh	Mac Léinn	1 Iúil 2022
18	Jessica Perez ³³	Mac Léinn	1 Iúil 2022
19	Nekesa Khisa	Mac Léinn	1 Iúil 2023
20	Mary Cooke	Ball Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023
21	Michael Gately	Ball Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023
22	William Johnston	Ball Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023
23	Eoin O'Shea ³⁴	Ball Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023
24	Sally Anne Sherry	Ball Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023
25	Bob Ó Mhurcu	Ball foirne	An 29 Samhain 2023
26	Leslie Shoemaker	Ball foirne	An 29 Samhain 2023

²⁶ Valerie Bistany stepped down on 5th April 2023

²⁷ Evelyn Carroll completed her term of office on 12th September 2023

²⁸ Jerry Grant completed his term of office on 12th September 2023

²⁹ Charles Larkin appointed Chair on 23rd August 2023

³⁰ Susan O'Shaughnessy retired on 2nd October 2023

³¹ Christy Duffy completed his term of office on 23rd August 2023

³² Maggie Ryan retired on 31st March 2023

³³ Jessica Perez completed her term of office on 30th June 2023

³⁴ Eoin O'Shea appointed Deputy Chair on 29th November 2023

7.2. An Chomhairle Acadúil

	BALL NA COMHAIRLE ACADÚLA	CATAGÓIR
1	An tOll. FitzPatrick David (Cathaoirleach)	Ball Ex-Officio (Uachtarán)
2	Dr Mary Meaney	Ball Ex-Officio (Cláraitheoir)
3	Dr Catriona Barrett	Acadóir
4	Dr Zeinab Bedri	Acadóir
5	An tOllamh Brian Bowe	Ball Ex-officio
6	Dr Kevin Byrne	Acadóir
7	Dr Ruth Casey	Acadóir
8	An tUas. Gary Clynych	Acadóir
9	Dr Michael Collins	Acadóir
10	Dr Joe Condon	Acadóir
11	In. Anna Cruickshank	Acadóir
12	In. Ann Curran	Acadóir
13	An tUas. James Curry	Ionadaí na Mac Léinn
14	An tOllamh James Curtin	Ball Ex-officio
15	In. Saoirse Daly	Ionadaí na Mac Léinn
16	Dr Dominic Dillane	Acadóir
17	In. Amanda Dixon	Acadóir
18	An tOllamh John Doran	Ball Ex-officio
19	Dr Clare Eriksson	Acadóir
20	In. Jennifer Farrell	Ball Ex-officio
21	An tOllamh David FitzPatrick	Acadóir
22	Dr Adrienne Fleming	Acadóir
23	Dr Tony Grennan	Acadóir
24	Dr Chris Hills	Acadóir
25	Dr Amit Jaiswal	Ball Ex-officio
26	Dr. Brendan Jennings	Ionadaí na Mac Léinn
27	An tUas. Brian Jordan	Bainistíocht Ghairmiúil agus Seirbhísí Tacaíochta
28	An tUas. Ian Kelly	Ionadaí na Mac Léinn
29	An tUas. Con Kennedy	Acadóir

30	Dr Aidan Kenny	Acadóir
31	Dr Gemma Kinsella	Acadóir
32	Dr Eoin Langan	Ball Ex-officio
33	Dr Mary Lennon	Acadóir
34	Dr Tania Malik	Acadóir
35	Dr Jennifer Manning	Acadóir
36	Dr Orla Mc Donagh	Ball Ex-officio
37	An tUas. Tim Mc Nulty	Acadóir
38	An tUas. Mark McGrath	Acadóir
39	An tUas. Pilar Molina	Acadóir
40	An tUas. Mairéad Murphy	Ball Ex-officio
41	Dr Helen O'Brien Gately	Acadóir
42	Dr Rachel O'Connor	Bainistíocht Ghairmiúil agus Seirbhísí Tacaíochta
43	An tUas. Bob Ó Mhurchú	Bainistíocht Ghairmiúil agus Seirbhísí Tacaíochta
44	An tUas. Chris Ó Rálaigh	Acadóir
45	An tOll. Pramod Pathak	Ball Ex-officio
46	An tUas. Jessica Perez	Ionadaí na Mac Léinn
47	An tUas. Wil Peters	Acadóir
48	An tUas. Mary Scally	Ionadaí na Mac Léinn
49	An tUas. Thomas Stone	Ball Ex-officio
50	An Dr Nikolaos Valantasis Kanellos	Acadóir
51	An Dr Claire Wynne	Acadóir

7.3. Ráitis Airgeadais

D'ullmhaigh an Ollscoil a tacar bliana iomláine de Ráitis Airgeadais Iniúchta don dá mhí dhéag go dtí an 31 Lúnasa 2022. Sa bhliain go dtí an 31 Lúnasa 2022, thaifead an Ollscoil easnamh €3.8m ar ioncam iomlán € 349.7milliún. Bhí Glansócmhainní €559.1m ag an Ollscoil ar an 31 Lúnasa 2022. Léiríonn na Ráitis Airgeadais athráiteas ar ráitis Airgeadais ar an 31 Lúnasa 2021, mar gheall ar earráid chuntasaíochta, rud a d'fhág go raibh laghdú €7m ar staid Ghlansócmhainní na hOllscoile go €571.4m ar an 31 Lúnasa 2021. Ní raibh aon tionchar ábhartha ag an earráid seo ar stádas airgeadais na hOllscoile.

Tá na ráitis airgeadais iomlána ar fáil ar [website](#) OT Baile Átha Cliath.



~ strategy@tudublin.ie

~ tudublin.ie

